**Meán Fómhair 2023**
An Dr Bernie O'Donoghue Hynes
An Dr Des Delaney
Holly Morrin



# Tuarascáil ar Sheirbhísí Custaiméara an Rialtais Áitiúil 2022:

## Feasacht, Rannpháirteachas, Sásamh agus Meon maidir le Seirbhísí

LGMA
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government Management Agency

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

Tuarascáil ar Sheirbhísí Custaiméara an Rialtais Áitiúil 2022:
Feasacht, Rannpháirteachas, Sásamh agus Meon maidir le Seirbhísí.

Taighde LGMA Meán Fómhair 2023

ISBN: 978-1-911692-04-1

Ba cheart go luafaí an doiciméad seo mar seo a leanas:

O'Donoghue Hynes, B., Delaney, D agus Morrin, H. (2023). Tuarascáil ar Sheirbhísí Custaiméara an Rialtais Áitiúil 2022: Feasacht, Rannpháirteachas, Sásamh agus Meon maidir le Seirbhísí. Baile Átha Cliath. LGMA

# Buíochas

Déanann an tuarascáil seo taifead ar thorthaí maidir le clár oibre a sholáthair Aonad Taighde LGMA le maoirseacht ag Grúpa Comhairleach Taighde an Choiste Chorparáidigh CCMA. Is mian leis na húdair a mbuíochas a ghabháil le gach ball den ghrúpa a thug a gcuid ama go flaithiúil.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le REDC, a rinne an Suirbhé náisiúnta ar Sheirbhís do Chustaiméirí agus le Diane Richmond ó Unique Insights a thug faoi na fócasghrúpaí. Buíochas freisin le Ailish Mitchell, Taighdeoir Mac Léinn LGMA, agus le foireann Láraonad Sonraí LGMA a chabhraigh leis an anailís ar na sonraí.

**Taighde Coiste Corparáideach CCMA**

Baill den Ghrúpa Comhairleach

- Ruth McNally, Comhairle Contae na Gaillimhe, Cathaoirleach agus ionadaí Choiste Corparáideach CCMA
- Mairin O'Sullivan, Comhairle Contae Chorcaí
- Pauline Treacy, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Gemma Whitty, Comhairle Contae Chill Mhantáin
- Karen Boyle, Comhairle Contae Chill Mhantáin

# Brollach

Is í seo an dara bliain ag earnáil an rialtais áitiúil tuarascáil ar sheirbhís do chustaiméirí a fhoilsiú. Tugann sé seo an deis dúinn, den chéad uair, a mheas an bhfuil feabhsú á dhéanamh againn ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil leis an bpobal agus an bhfuil athrú ag teacht ar thuairimí faoi údaráis áitiúla.
Is léir ón méid atá sa tuarascáil ná go raibh daoine in 2022 níos feasaí ar an raon seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ag údaráis áitiúla agus go raibh siad ag baint úsáide as seirbhísí níos mó ná sa bhliain roimhe sin. Bhí feabhsuithe freisin ar an gcaoi a ndearna daoine rátáil ar údaráis áitiúla maidir le seachadadh foriomlán seirbhísí agus, mar ábhar misnigh, bhí na daoine sin a  bhí ag baint úsáide go gníomhach as seirbhísí údarás áitiúil níos dearfaí ná an líon beag nach raibh ag baint úsáide as seirbhísí.

Léiríonn na torthaí go raibh méadú suntasach ar úsáid suíomhanna gréasáin agus modhanna leictreonacha teagmhála eile le dhá bhliain anuas, rud a léiríonn an t-athrú ginearálta i dtreo teicneolaíochtaí ar líne agus ardáin meán sóisialta a úsáid chun gnó a dhéanamh agus chun teagmháil a dhéanamh le daoine. Mar sin féin, tá cineálacha traidisiúnta teagmhála, amhail cruinnithe duine le duine, thar an nguthán, nó i gcruinnithe poiblí, fós tábhachtach do go leor úsáideoirí seirbhísí, go háirithe daoine scothaosta, agus pobail nua.

Cé gur cuireadh béim ar leith i dtuarascáil 2021 ar sholáthar seirbhísí ag údaráis áitiúla le linn na paindéime, in 2022 díríodh ar cé chomh héifeachtach agus a bhí údaráis áitiúla agus iad i mbun cumarsáide

agus i dteagmháil leis an bpobal. Sainaithníodh é sin sa tuarascáil roimhe sin mar réimse lag feidhmíochta ag údaráis áitiúla, ach léiríonn torthaí 2022 feabhsuithe suntasacha. Mheas freagróirí go raibh siad níos eolaí faoina raibh ar siúl ina gceantar agus go raibh aithne níos fearr acu ar a n-údaráis áitiúla ná na freagróirí roimhe sin, ach mheas siad go bhfuil mórán le baint amach fós.

Cabhróidh an fhaisnéis thábhachtach a chuirtear ar fáil sa tuarascáil le hearnáil an rialtais áitiúil ina straitéisí cumarsáide, rud a cheadóidh, mar shampla, léargas a fháil ar an bhfaisnéis a mbíonn daoine ag súil léi óna n-údarás áitiúil, na hábhair agus na seirbhísí nach bhfuil an oiread sin eolais orthu, agus na bealaí faisnéise is fearr leo, lena n-áirítear de réir déimeagrafaigh. Mar shampla, tá fianaise ann go bhfuiltear ag brath go mór ar nuachtáin áitiúla agus ar an raidió le haghaidh faisnéise i measc daoine scothaosta, agus iad siúd atá lonnaithe lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ach nach n-úsáideann daoine óga suíomhanna gréasáin ach go n-úsáideann siad na meáin shóisialta. Idir an dá linn, faigheann daoine i réigiún Bhaile Átha Cliath go leor dá gcuid faisnéise ó phóstaeir, ó nuachtáin náisiúnta, ón raidió agus ón teilifís.

Cabhraíonn na héagsúlachtaí nua seo linn teachtaireachtaí faoi sheirbhísí a thuiscint agus a dhíriú ar bhealach níos éifeachtaí. Chuir na fócasghrúpaí níos mó mionsonraí leis, ag léiriú go bhfuil difríochtaí réigiúnacha ann maidir le hionchais faoi mhéid agus éagsúlacht na faisnéise, agus iad siúd lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath ag lorg tuilleadh faisnéise thar raon níos leithne de chainéil.

Cuirfidh an fhaisnéis agus na léargais a chuirtear ar fáil bonn eolais faoi straitéis chumarsáide na hearnála rialtais áitiúil agus beidh tionchar acu uirthi freisin agus breithníodh iad i bhforbairt Straitéis Digiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil. Ina theannta sin, cuirtear na torthaí ar fáil do gach údarás áitiúil agus beifear ag brath orthu chun bonn eolais a chur faoina gcuid tosaíochtaí agus pleananna straitéiseacha.

Cuidíonn tuarascáil na bliana seo linn freisin tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le hathróga seachtracha tionchar a imirt ar thuairimí an phobail faoi údaráis áitiúla. Tugann an fhianaise le fios gurb iad na daoine atá ina gcónaí ina gceantar áitiúil le breis agus 20 bliain agus iad siúd atá socraithe le leanaí óga (i.e., ina gcónaí i gceantar idir 6 agus 10 mbliana) a bhfuil an mothú is láidre de cheangal lena gceantar acu agus gurb iadsan atá is dearfaí faoi údaráis áitiúla. Léiríonn sé sin an luach a bhaineann le pobail shocraithe agus neart deiseanna acu do theagmháil agus rannpháirtíocht pobail; luachanna is féidir linn a chur chun cinn trínár bpróisis phleanála, for-rochtain pobail, seirbhísí timpeallachta, seirbhísí tithíochta, leabharlanna agus go leor eile.

Ann Doherty Cathaoirleach
Coiste Corparáideach CBCC

**CCMA Corporate Committee**

Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

# Clár Ábhair


**Buíochas** 3

**Brollach** 4

**Achoimre Feidhmiúcháin** 8

**Réamhrá** 12

- **Cúlra agus Comhthéacs** 12

**Modheolaíocht** 14

- **Cuspóirí taighde** 14
- **Dearadh agus modhanna taighde** 14
- **Cur chuige de mhodhanna measctha** 14
  - Suirbhé náisiúnta 2022 14
  - Grúpaí fócais 2022 14
  - Cás-stáidéir 2022 14

**Torthaí** 16

  - Foirm na dtorthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil 16
- **Próifíl na bhfreagróirí** 17
  - Aois, inscne, agus creideamh 17
  - Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil 18
  - Fad cónaithe i gceantar údaráis áitiúil 19
- **Feasacht** 21
  - Feasacht fhoriomlán faoi sheirbhísí 21
  - Feasacht de réir chatagóir aoise 22
  - Feasacht de réir inscne 22
  - Feasacht de réir réigiúin 24
- **Úsáid seirbhísí** 26
  - Úsáid fhoriomlán seirbhísí 26
  - Úsáid seirbhísí de réir chatagóir aoise 27
  - Úsáid seirbhíse de réir inscne 29
  - Úsáid seirbhíse de réir réigiúin 29
- **Sásamh le seirbhísí a úsáideadh** 31
- **Bealaí teagmhála** 32
- **Foinsí faisnéise** 33
  - Foinse faisnéise de réir aoise 34
  - Foinse faisnéise de réir inscne 39
  - Foinse faisnéise de réir réigiúin 39
- **Meon** 40
  - Cumarsáid agus soláthar seirbhíse 42
  - Comhionannas agus rochtain 43
  - Feabhsúcháin ar sheirbhísí do chustaiméirí 44
- **Téama Speisialta: Cumarsáid agus Teagmháil** 45
  - Úsáid na meán sóisialta agus suíomhanna gréasáin 45
  - Faisnéis a theastaíonn ón bpobal ó údaráis áitiúla 45
  - Seirbhísí cumarsáide roghnaithe 46
- **Tuilleadh Léargas** 46
  - Meon úsáideoirí seirbhísí vs iad siúd nach n-úsáideann seirbhísí 46
  - An tionchar atá ag braistint chómhuintearais agus ag an líon blianta de chónaí ar cheantar ar scóir mheoin 47
- **Fócasghrúpaí 2022** 49
  - Rannpháirtithe fócasghrúpaí 49
  - Torthaí fócasghrúpaí: cumarsáid agus teagmháil 50
  - Torthaí fócasghrúpaí: luach ar airgead 53

**Conclúidí** 54

**Cás-stáidéir** 55

  - Cás-staidéar a hAon 56
  - Cás-staidéar a Dó 59
  - Cás-staidéar a Trí 62

**Leabharliosta** 67

**Aguisín 1: Athruithe Suirbhé 2022** 68

**Fíor 1:** Próifíl aoise na bhfreagróirí 17
**Fíor 2:** An dóchúlacht go bhfuil eolas ag duine go soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí 2022 25
**Fíor 3:** Seirbhísí údaráis áitiúil a úsáideadh le 12 mhí anuas 27
**Fíor 4:** An dóchúlacht go n-úsáidfear seirbhísí de réir chohórt aoise in 2022 29
**Fíor 5:** Rátaí sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil 2022 31
**Fíor 6:** Foinsí Faisnéise 33
**Fíor 7:** An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil faisnéise údaráis áitiúil de réir chohórt aoise 2022 35
**Fíor 8:** An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil thraidisiúnta na meán de réir chohórt aoise 2022 36
**Fíor 9:** An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil na meán sóisialta de réir chohórt aoise 2022 37
**Fíor 10:** An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil duine le duine de réir chohórt aoise 2022 38
**Fíor 11:** Freagraí ar ráitis mheoin 2022 40
**Fíor 12:** Freagraí ar ráitis mheoin 2021 41
**Fíor 13:** Comhaontú le ráitis mheoin cumarsáide agus soláthair seirbhíse 2022 agus 2021 42
**Fíor 14:** Comhaontú le ráitis mheoin comhionannais agus rochtana 2021 agus 2022 43
**Fíor 15:** Comhaontú le ráitis seirbhísí do chustaiméirí feabhsaithe 2021 agus 2022 44
**Fíor 16:** An cineál faisnéise a theastaíonn ón bpobal - fócusghrúpa 2022 52
**Fíor 17:** Cainéal teagmhála roghnaithe ag spriocghrúpa - fócasghrúpa 2022 52

**Tábla 1:** Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir inscne 2022 18
**Tábla 2:** Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir aoise 2022 18
**Tábla 3:** Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir réigiúin 2022 19
**Tábla 4:** Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir inscne 2022 19
**Tábla 5:** Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir aoisghrúpa 2022 20
**Tábla 6:** Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir réigiúin 2022 20
**Tábla 7:** An céatadán de fhreagróirí ab eol dóibh go soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhís 21
**Tábla 8:** Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir aoise 2022 23
**Tábla 9:** Éagsúlachtaí suntasacha maidir le feasacht seirbhíse de réir inscne 2022 23
**Tábla 10:** Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir réigiúin 2022 24
**Tábla 11:** Na seirbhísí údaráis áitiúil is mó a úsáideadh 2021 agus 2022 26
**Tábla 12:** Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir aoise 2022 28
**Tábla 13:** Éagsúlacht maidir le húsáid seirbhíse de réir inscne 2022 29
**Tábla 14:** Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir réigiúin 2022 30
**Tábla 15:** Cainéil theagmhála a úsáideadh le 5 bliana anuas 2022 32
**Tábla 16:** Foinse faisnéise faoi údaráis áitiúla de réir aoisghrúpa 2022 34
**Tábla 17:** Foinse faisnéise faoi údaráis áitiúla de réir réigiúin 2022 39
**Tábla 18:** An fhaisnéis a theastaíonn ón bpobal ó údaráis áitiúla 2022 45
**Tábla 19:** Seirbhísí cumarsáide roghnaithe 2022 46
**Tábla 20:** Meon úsáideoirí seirbhísí agus daoine nach n-úsáideann seirbhísí 2022 46
**Tábla 21:** Comhaontú mheoin agus braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil 2022 47
**Tábla 22:** Líon de bhlianta de chónaí sa cheantar áitiúil agus comhaontú leis na ráitis mheoin 2022 48
**Tábla 23:** Miondealú na bhfócasghrúpaí de réir áite agus spriocghrúpa 2022 49
**Tábla 24:** Meascán rannpháirtithe fócasghrúpa luach ar airgead 2022 50

# Achoimre Feidhmiúcháin

**Próifíl na bhfreagróirí**

- Ghlac 1,858 daoine páirt sa suirbhé Bhí an sampla ionadaíoch don daonra i gcoitinne de réir inscne agus aois 18+ agus bhí siad lonnaithe go comhréireach ar fud gach limistéar údaráis áitiúil.
- Bhí 69% de na freagróirí ina gcónaí ina gceantar áitiúil ar feadh níos mó ná 20 bliain (nó ar feadh a tsaoil ar fad) agus bhraith 72% díobh ceangal láidir lena gceantar.

*Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil* sonraíodh 29 seirbhís, agus fiafraíodh de na freagróirí an raibh siad ar an eolas go soláthraíonn na húdaráis áitiúla na seirbhísí.

- Bhí níos mó ná leathmhéid de na freagróirí ar an eolas go soláthraíonn údaráis áitiúla 28 de na 29 seirbhís a sonraíodh.
- Tháinig méadú ar leibhéil feasachta in 2022 i gcomparáid le 2021 agus níos mó seirbhísí á rangú sa chatagóir ardfheasachta (15 vs 13) agus níos lú rangaithe sa chatagóir ísealfheasachta (1 vs 3).
- Bhí na leibhéil feasachta ab airde ag freagróirí 65+ bliain d'aois i 28 as 29 seirbhís agus bhí na leibhéil feasachta ab ísle ag daoine 18-25 bliain d'aois i 22 de na 29 seirbhís.
- Bhí na fir níos feasaí ar áiseanna spóirt agus fóillíochta agus ar ionaid phobail agus óige, chomh maith le seirbhísí tacaíochta gnó, ach léirigh na mná feasacht níos airde ar sheirbhísí bailithe mótarchánach, tacaíochtaí forbartha tithíochta nua agus soilsithe sráide.
- Ba iad na freagróirí i gCúige Mumhan ba mhó a bhí ar an eolas faoi sheirbhísí agus iad siúd i réigiún Bhaile Átha Cliath ba lú a bhí ar an eolas.

**29 Seirbhís Údaráis Áitiúil**

cosáin Glanadh
Sráideanna
Soilsiú Sráideanna
Rialú Bruscair
Bóithre
Seirbhísí
Leabharlainne
Tithíocht
Áiseanna Fóillíochta Áitiúla
Lasmuigh Seirbhísí Athchúrsála
Tacaíochtaí Pobail
Draenáil Uisce/Cois an
Bhóthair Pleanáil &
Forbairt Páirceáil &
Sábháilteacht ar
Bhóithre Seirbhís
Maorachta Madraí
Tacaíocht Forbartha Tithíochta Nua
Forbairt Contae a Chur Chun Cinn
Reiligí agus Ionaid Adhlactha Clár
na dToghthóirí/Toghcháin Cóiríocht
don Lucht Siúil Ionaid
Spóirt/Fóillíochta & Com/Óige
Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean
Seirbhísí Dóiteáin
Athnuachan Uirbeach agus
Sráidbhailte Seirbhísí Ealaíon
& Oidhreachta
Cosaint/Feasacht/Forfheid
hmiú Comhshaoil
Turasóireacht/Imeachtaí
Bailiú Mótarchánach
Monatóireacht ar
Uiscebhealaí/Thránna Seirbhísí
Tacaíochta Gnó

## Úsáid seirbhíse thuairiscithe

Rinneadh iarracht sa suirbhé a aithint cé mhéad freagróir a d'úsáid aon cheann de na 26 seirbhís a shonraítear sa chuid seo, sa bhliain seo a chuaigh thart.

- Bhain 95% de na freagróirí úsáid as seirbhís údaráis áitiúil amháin ar a laghad sna 12 mhí roimhe sin.
- Tháinig méadú ar rátaí úsáide sa chuid is mó de sheirbhísí i gcomparáid le 2021.
- Ba iad na sé sheirbhís údaráis áitiúil ba mhó a d'úsáid custaiméirí ná: boscaí bruscair, ionaid athchúrsála, páirceáil, bailiú mótarchánach, seirbhísí leabharlainne, agus áiseanna fóillíochta áitiúla lasmuigh, na seirbhísí céanna agus a aithníodh in 2021.
- Ba mhó an seans go n-úsáidfeadh an chohórt aoise ab óige (18-24) 17 de na seirbhísí i gcomparáid le haon chohórt aoise eile, in ainneoin na leibhéil is ísle feasachta ar sholáthar seirbhísí ar an iomlán a bheith acu.
- Ba mhó an seans go n-úsáidfeadh na mná seirbhísí bailithe mótarchánach agus leabharlanna ná na fir. Ba mhó an seans go n-úsáidfeadh na fir clár na dtoghthóirí ná na mná.
- Ba lú an seans go n-úsáidfeadh freagróirí Chonnacht/Uladh 19 de na 26 seirbhís. Bhí an úsáid ab airde ag an gcuid eile de Chúige Laighean agus de Chúige Mumhan as 11 sheirbhís, agus is acu siúd i réigiún Bhaile Átha Cliath a bhí an úsáid ab airde as 8 seirbhís.

## Sásamh le seirbhísí a úsáideadh

- Bhí níos mó ná 70% d'úsáideoirí seirbhíse sásta le 12 as na 26 seirbhís.
- Bhí níos mó ná 50% d'úsáideoirí seirbhíse sásta le 23 de na 26 seirbhís, ach amháin (i) bóithre, (ii) pleanáil agus (iii) cosaint, feasacht agus forfheidhmiú comhshaoil.
- Bhí an sásamh ba mhó i gcás seirbhísí leabharlainne (90%) agus ina dhiaidh sin bhí seirbhísí dóiteáin (83%), ionaid athchúrsála (80%), reiligí agus ionaid adhlactha (78%), áiseanna fóillíochta lasmuigh (77%).

## Cainéil theagmhála

Fiafraíodh de na freagróirí na cainéil a roghnú a d'úsáid siad le teagmháil a dhéanamh le húdarás áitiúil le cúig bliana anuas.

- Ba iad suíomhanna gréasáin an príomh-mhodh teagmhála le húdaráis áitiúla le dhá bhliain anuas, in ionad teagmhálacha pearsanta leis an bhfoireann, a bhí mar an modh teagmhála roghnaithe roimhe sin.
- Tháinig méadú ar theagmháil ag baint úsáide as ríomhphost, seirbhísí ar líne, na meáin shóisialta agus foláirimh théacs le himeacht ama agus tháinig laghdú ar theagmháil i gcruinnithe poiblí agus trí litreacha a sheoladh.
- Cé gur beag an líon daoine a bhí ag baint úsáide as tríú páirtithe (i.e. comhairleoir, ateangaire, ball teaghlaigh), d'fhan an ráta úsáide seasmhach thar na 5 bliana.

## Foinsí faisnéise

Shainaithin na freagróirí na foinsí éagsúla faisnéise faoi sheirbhísí údaráis áitiúil.

- Ba iad suíomhanna gréasáin an phríomhfhoinse faisnéise agus 47% de dhaoine ag baint úsáide as suíomhanna gréasáin údaráis áitiúil agus 9% díobh ag baint úsáide as suíomhanna gréasáin eile.
- Tá foinsí faisnéise duine le duine fós tábhachtach agus 25% de dhaoine ag brath ar theaghlach nó ar chairde, 16% díobh ar chomhairleoirí agus 11% díobh ar fhoireann údaráis áitiúil.

- Bhí nós ag na mná úsáid a bhaint as Facebook ná mar a bhí ag na fir.
- Bhraith na cohóirt níos sine níos mó ar fhoinsí traidisiúnta faisnéise, amhail nuachtáin, raidió nó teagmháil a dhéanamh le comhairleoirí nó foireann údaráis áitiúil. Ba lú an seans go n-úsáidfeadh an chohórt aoise ab óige (18-25 bliana d'aois) aon cheann de na cainéil (go háirithe suíomhanna gréasáin) seachas faisnéis a iarraidh ar theaghlach nó ar chairde. Bhí teagmháil níos airde acu siúd idir 25-44 bliain d'aois le cainéil na meán sóisialta i gcomparáid leo siúd atá níos óige nó níos sine, agus bhí rátaí úsáide níos airde de shuíomhanna gréasáin údaráis áitiúil ag daoine idir 45-64 bliain d'aois i gcomparáid leis na haoisghrúpaí eile.
- B'fhearr le freagróirí i gCúige Mumhan cumarsáid duine le duine mar bhealach chun eolas a fháil. I gCúige Chonnacht/ Uladh baineadh úsáid níos mó as nuachtáin áitiúla agus as raidió áitiúil i gcomparáid le réigiúin eile. Ba é Facebook an cainéal is coitinne sa chuid eile de Chúige Mumhan. I réigiún Bhaile Átha Cliath, d'úsáid freagróirí meascán de chainéil, ach ba lú an seans go n-úsáidfí nuachtáin áitiúla nó raidió agus ba mhó an seans go bhfaigheadh siad eolas ó phóstaeir agus ó bhileoga.

### Téama speisialta: cumarsáid agus teagmháil

- Bhí faisnéis ag teastáil ó na freagróirí ó údaráis áitiúla faoina raibh ar siúl sa cheantar áitiúil agus faisnéis oibriúcháin faoi sheirbhísí (e.g. uaireanta oscailte). Bhí níos lú suime i bhfaisnéis faoin gcaoi a bhfeidhmíonn údaráis áitiúla nó faoi cruinnithe comhairle.
- Ba uirlisí cumarsáide roghnaithe iad foláirimh ríomhphoist agus nuachtlitreacha ríomhphoist agus bhí níos lú suime i bpodchraoltaí.

### Meon

Cuireadh 12 ráiteas ar fáil faoi thrí théama agus fiafraíodh de na freagróirí cé acu ar aontaigh siad nó nár aontaigh siad leis na ráitis sin.

- Bhí na tuairimí in 2022 níos deighilte ná mar a bhí siad in 2021. Cé go raibh leibhéil níos airde comhaontaithe le formhór na ráiteas, bhí roinnt cásanna ann freisin ina raibh leibhéil níos airde easaontais agus leibhéil níos ísle neodrachta ar an iomlán.
- Bhí rátaí comhaontaithe ardaithe do thrí cinn de na ceithre réimse meoin faoi théama na cumarsáide agus an tsoláthair seirbhíse i gcomparáid le 2021: coinníonn m'údarás áitiúil ar an eolas mé; Tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil; agus tá sé simplí agus éasca dul i dteagmháil le m'údarás áitiúil.
- Bhí laghduithe in dhá cheann de na réimsí meoin (rochtain níos fearr ar sheirbhísí agus cinnteoireacht maidir le mionlaigh agus daoine faoi mhíchumas) agus méadú i réimse amháin (caitheann údaráis áitiúla le daoine ar bhealach cothrom agus comhionann) faoi théama an chomhionannais agus na rochtana.
- Léirigh gach ceann de na ceithre ráiteas meoin rátaí comhaontaithe níos airde sa téama seirbhíse do chustaiméirí i gcomparáid le 2021, go háirithe maidir le soláthar seirbhísí ar líne, nuálaíocht, agus fócas ar chustaiméirí.

### Léargas breise

- Bhí úsáideoirí seirbhísí níos dearfaí faoi údaráis áitiúla agus bhí rátaí comhaontaithe ní b'airde acu le gach ráiteas meoin i gcomparáid leo siúd nach n-úsáideann seirbhísí.
- Bhí leibhéil níos airde comhaontaithe ag freagróirí a raibh braistint láidir chómhuintearais acu lena gceantar áitiúil maidir le gach ráiteas meoin i gcomparáid leo siúd nach raibh braistint láidir chómhuintearas acu.
- Bhí leibhéil níos airde comhaontaithe acu siúd a bhí ina gcónaí ina gceantar áitiúil ar feadh 20+ bliain nó ar feadh idir 6 bliana agus 10 mbliana le ráitis mheoin agus bhí an leibhéal is lú comhaontaithe le ráitis mheoin acu siúd a bhí ina gcónaí i gceantar ar feadh 5 bliana nó níos lú.

### Fócasghrúpaí

Scrúdaigh na fócasghrúpaí cumarsáid agus rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus luach ar airgead. San iomlán, ghlac 74 duine páirt thar 8 bhfócasghrúpa.

- D'aithin na rannpháirtithe dhá chineál faisnéise a bhí uathu ó údaráis áitiúla:
  - Faisnéis phráinneach a bhaineann le himeachtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar a ngnáth-iompraíocht
  - Faisnéis neamhphráinneach a d'fhéadfadh cur lena saolta nó luach a chur air nó a chuirfeadh ar a gcumas a bheith rannpháirteach in ábhair spéise nó imní nó freagra a thabhairt orthu.
- Bhí siad i bhfabhar ríomhphost, go háirithe maidir le faisnéis neamhphráinneach ach i bhfabhar glaoch teileafóin le haghaidh faisnéise níos práinní.
- Bhí an dearcadh ann go ndéanann údaráis áitiúla cumarsáid ar bhealach frithghníomhach seachas ar bhealach réamhghníomhach.
- Theastaigh ó rannpháirtithe úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na meáin shóisialta agus níos mó suíomhanna gréasáin atá cuimsitheach agus comhsheasmhach, go háirithe maidir le rochtain ar sheirbhís.
- Lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath, bhí ionchais níos airde ag rannpháirtithe maidir le méid agus éagsúlacht na faisnéise ba cheart do na húdaráis áitiúla a sholáthar agus dá bhrí sin bhraith siad go bhféadfadh na húdaráis áitiúla níos mó a dhéanamh. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh rannpháirtithe bunaithe i mBaile Átha Cliath ag súil go gcuirfí an oiread sin eolais ar fáil trí raon leathan cainéal. Bhí siad i bhfad níos sásta le cumarsáid agus rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil.
- Maidir le luach ar airgead, thug rannpháirtithe tuaithe a raibh taithí acu ar abhcóideacht agus ar theagmháil le húdaráis áitiúla chun athrú a bhrú chun cinn rátáil níos ísle ná rannpháirtithe bunaithe i mBaile Átha Cliath, nach raibh i dteagmháil ach le húdaráis áitiúla le haghaidh soláthar seirbhíse.
- Bhí tuairimí faoi luach ar airgead bunaithe ar eispéireas pearsanta nó ní raibh mórán tionchair ag tuairimí faoi údaráis áitiúla agus ag faisnéis staitistiúil agus chainníochtúil ar thuairimí na rannpháirtithe.
- Mheas rannpháirtithe go mbeadh faisnéis cháilíochtúil níos úsáidí chun bonn eolais a chur faoi thuairimí.

# Réamhrá

## Cúlra agus comhthéacs

D'ainmnigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) an LGMA mar an comhlacht atá freagrach as sásamh custaiméirí a rianú i gClár Oibre Straitéise agus Creata 2020-2022 NOAC (2019). D'fhorbair LGMA clár oibre trí bliana a chuimsigh trí ghné ar leith:

- suirbhé náisiúnta bliantúil ar an bpobal chun leibhéil feasachta, rannpháirtíochta agus sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil a mheas, agus chun leibhéil mheoin a mheas maidir le leibhéil seirbhíse do chustaiméirí na n-údarás áitiúil agus chun comhlíonadh Dualgas um Chomhionannas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine (IHREC, 2021), OPS2020 (Rialtas na hÉireann, 2017) agus Better Public Service 2030 (Rialtas na hÉireann, 2023) a mheas,
- fócasghrúpaí chun téamaí agus torthaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú níos doimhne, agus
- cás-staidéir chun samplaí dea-chleachtais maidir le seirbhís do chustaiméirí a léiriú.

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Taighde (RAG) chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an chláir oibre, chun cuidiú leis an léirmhíniú ar thorthaí, agus chun cabhrú le torthaí a scaipeadh ar fud na hearnála. Thuairiscigh comhaltaí RAG do Choiste Corparáideach an Chomhlachais um Bainistiú Contaetha agus Cathracha (CCMA[1]) agus thug Cathaoirleach RAG nuashonrú ar an tionscadal ag gach cruinniú démhíosúil.

Chuathas i gcomhairle freisin le NOAC chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar an tsuirbhé náisiúnta agus chun téamaí a aithint le haghaidh tuilleadh iniúchta trí na fócasghrúpaí agus trí cheisteanna breise ar an suirbhé náisiúnta. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí shuirbhé náisiúnta 2021, ba é an téama a bhí comhaontaithe ag na páirtithe go léir a raibh gá le tuilleadh iniúchta a dhéanamh ina leith in 2022 ná conas cumarsáid agus rannpháirtíocht idir údaráis áitiúla agus an pobal a fheabhsú.

Tá torthaí do 2022 i dtuarascáil 2022 chomh maith le comparáid le 2021 chun a mheas an raibh aon athruithe suntasacha ar na torthaí. Áirítear freisin i dtuarascáil na bliana seo cuid bhreise maidir le leibhéil sásaimh le seirbhísí. Ba é an fócas in 2021 ná a fháil amach an raibh freagróirí ag baint úsáide as seirbhísí, agus tar éis a dheimhniú go raibh díriú ar úsáideoirí seirbhísí, rinneadh athbhreithniú ar an suirbhé chun leibhéil sásaimh a mheas i measc na ndaoine a d'úsáid seirbhísí.

Aithnítear go bhfuil teorainneacha leis na torthaí maidir le sásamh sa tuarascáil. Is é an modh idéalach chun measúnú a dhéanamh ar shásamh le seirbhísí ná dul i dteagmháil le custaiméirí go díreach ag deireadh an timthrialla seirbhíse do chustaiméirí, ach deimhníonn an litríocht acadúil go bhfuil leibhéal iontaofachta

[1] Is comhaltaí den CCMA iad na 31 príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil agus na príomhfheidhmeannaigh chúnta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Oibríonn an CCMA trí sheacht gcoiste beartais, arb é ceann acu Coiste Corparáideach CCMA. Tagann seirbhís do chustaiméirí faoi shainchúram an choiste seo.

fós ann, cé gur laghdaíodh é, dá n-úsáidfí an tseirbhís sa tréimhse dhá mhí déag roimhe sin (Boyle, 2020). Ina theannta sin, nuair a fiafraíodh de dhaoine sa suirbhé faoi na seirbhísí a úsáideadh, níor cuireadh ach teidil seirbhíse cineálacha amháin ar fáil lena roghnú (e.g. tithíocht, pleanáil, etc.) gan aon rogha a bheith níos sonraí faoin tseirbhís a úsáideadh (e.g. achomharc pleanála, íocaíocht cíosa, etc.). I gcás tithíochta, tá 90 seirbhís ar leith sainaitheanta i gcatalóg seirbhísí rialtais áitiúil[2] ach ní féidir linn a aithint cé acu de na 90 seirbhís sin a d'úsáid freagróir. Mar sin féin, tugann na torthaí roinnt léargas luachmhar ar leibhéil ghinearálta sásaimh agus, trí chomparáid a dhéanamh thar na blianta atá le teacht, soláthróidh sé scóip éigin chun comhsheasmhacht agus iontaofacht torthaí a thástáil.

Áirítear sa tuarascáil seo freisin achoimre ar thorthaí na sé fhócasghrúpa a d'fhéach leis an gcineál faisnéise ba mhó a raibh suim ag an bpobal inti a fháil ó údaráis áitiúla agus na bealaí is éifeachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun an fhaisnéis seo a scaipeadh a aithint. Cuirtear torthaí ó dhá fhócasghrúpa i láthair freisin a dhéanann iniúchadh ar an téama 'luach ar airgead' i gcomhthéacs údaráis áitiúil. Sa deireadh, cuirtear cáis-staidéir ar fáil a léiríonn tionscnaimh chumarsáide agus rannpháirtíochta agus roghnaíodh iad ó ghearrliosta na nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil do 2022.



[2] https://services.localgov.ie/en-ie/Home

# Modheolaíocht

## Cuspóirí taighde

Is é príomhsprioc thaighde seirbhísí do chustaiméirí LGMA ná measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hearnála agus torthaí a ghiniúint a chabhróidh leis an earnáil feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsoláthair seirbhíse chomh maith le rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú do gach ball den phobal.

Níos sonraí, is iad seo a leanas na cuspóirí:

a. Leibhéil sásaimh, rannpháirtíochta agus feasachta custaiméirí a chinneadh maidir le seirbhísí a sholáthraíonn údaráis áitiúla chomh maith le tuairimí maidir le seachadadh seirbhíse.
b. Na cúiseanna atá taobh thiar de na freagraí sin a fhiosrú.
c. Cabhrú leis an earnáil seirbhísí agus oiliúint foirne in údaráis áitiúla a fheabhsú agus cur leo.
d. Measúnú a dhéanamh ar cé acu an ndearna nó nach ndearna feabhsuithe le himeacht ama i.e., anailís ar threochtaí.

## Dearadh agus modhanna taighde

Coimisiúnaíodh athbhreithniú litríochta chun scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is éifeachtaí chun faisnéis a bhailiú faoi eispéiris na gcustaiméirí i suíomh earnála poiblí (Boyle, 2020).

Úsáideadh é seo chun bonn eolais a chur faoi chur chuige modhanna measctha, ina raibh trí chomhpháirt ar leith:

- **Suirbhé Náisiúnta**
Príomhbhuntáiste a bhaineann leis an suirbhé náisiúnta is ea gur féidir dul i ngleic le samplaí ionadaíocha móra de na custaiméirí ag aon am amháin. Toisc gur sonraí cainníochtúla iad, éascaíonn suirbhéanna táirgeadh torthaí intomhaiste agus forbairt sonraí treochtaí le himeacht ama. Ní uirlis chuí iad, áfach, chun ceisteanna 'cén fáth' mionsonraithe nó casta a fhiosrú.

- **Grúpaí Fócais**
Úsáidtear fócasghrúpaí chun ceisteanna 'cén fáth' a fhiosrú agus chun soláthar faisnéise breise a éascú do rannpháirtithe chun cabhrú le tuiscint ar an topaic a fháil, más gá. Tá teorainn le líon na rannpháirtithe ionas go mbeidh go leor ama ag gach rannpháirtí labhairt faoin topaic go mion.

- **Cás-stáidéir**
Uirlis thábhachtach taighde iad cás-staidéir chun léargas cuimsitheach agus cruinn a sholáthar ar eispéiris chustaiméirí agus chun iarrachtaí na n-údarás áitiúil a léiriú maidir le freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

## Cur chuige modhanna measctha

### Suirbhé náisiúnta 2022

Rinneadh athbhreithniú ar theimpléad suirbhé náisiúnta 2021 leis an RAG agus leis an NOAC, agus rinneadh modhnuithe chun torthaí an tsuirbhé roimhe seo, forbairtí nua seirbhíse agus beartais, agus

iarratais ar fhaisnéis bhreise a chur san áireamh. Nuair a tugadh suirbhé 2022 chun críche, bhí na príomhathruithe seo a leanas ann:

- Laghdaíodh líon na seirbhísí údaráis áitiúil a sonraíodh ó 36 go 29. Chuimsigh sé sin cónascadh roinnt seirbhísí agus tabhairt isteach roinnt seirbhísí nua.
- Cuireadh cuid nua leis chun leibhéil sásaimh leis na seirbhísí a úsáideann freagróirí a mheas.
- Nuashonraíodh foinsí faisnéise faoi údaráis áitiúla chun roghanna atá bunaithe ar theicneolaíocht a chur san áireamh.
- Cuireadh cuid nua leis chun measúnú a dhéanamh ar 'bhraistint chómhuintearais sa cheantar áitiúil' agus 'líon na mblianta cónaithe sa cheantar'.
- Cuireadh ráiteas meoin nua leis ar théama na seirbhísí 'aoisbháúla'.
- Cuireadh cuid an téama speisialta do 2022 leis ar an téama 'cumarsáid agus rannpháirtíocht'.

### Fócasghrúpaí 2022

Rinneadh dhá théama a fhiosrú sna fócasghrúpaí in 2022. Bhain an chéad cheann le cumarsáid agus rannpháirtíocht an rialtais áitiúil leis an bpobal. Thuairiscigh suirbhé náisiúnta 2021 leibhéil réasúnta íseal comhaontaithe agus leibhéil arda easaontais le ráitis mheoin an tsuirbhé maidir le cumarsáid agus rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla:

- In 2021, d'aontaigh 18% de na freagróirí agus d'easaontaigh 50% díobh leis an ráiteas "Coinníonn mo chomhairle contae ar an eolas mé go maith faoina bhfuil ar siúl sa cheantar" agus
- In 2021, d'aontaigh 28% de na freagróirí agus d'easaontaigh 40% díobh leis an ráiteas "Tá go leor eolais agam ar mo chomhairle contae trí a gcuid fógraí a fheiceáil nó a chloisteáil, iad a fheiceáil ag obair sa phobal, nó dul i dteagmháil leo".

I bhfianaise na dtorthaí sin, d'iarr Líonra Cumarsáide an rialtais áitiúil, Coiste Corparáideach an CCMA agus Ceannaire Cumarsáide LGMA go ndéanfaí tuilleadh iniúchta ar théama na cumarsáide agus na rannpháirtíochta. D'aontaigh NOAC gur cheart gurb é seo an príomhthéama d'fhócasghrúpaí 2022 ach d'iarr sé go ndéanfaí iniúchadh ar an dara topaic freisin.

Bhí suim ag NOAC iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh an phobail maidir le luach ar airgead i gcomhthéacs rialtais áitiúil. Is ábhar é seo a cuireadh san áireamh i suirbhéanna IPSOS 2018-2020 ach a fágadh ar lár ó na suirbhéanna REDC. Tharla sé sin de thairbhe gur sainaithníodh fócasghrúpaí mar bhealach níos oiriúnaí chun an topaic a fhiosrú.

Ina theannta sin, d'iarr an NOAC go dtabharfaí aird ar leith ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag daoine scothaosta agus ag pobail nua agus iad i dteagmháil le húdaráis áitiúla nó i mbun cumarsáide leo.

### Cás-stáidéir 2022

Léiríonn na cás-staidéir samplaí de chumarsáid agus rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil a bhfuil buntáistí ag baint leo don chustaiméir agus do na húdaráis áitiúla. Roghnaíodh trí údarás áitiúla ó ghearrliostaí na nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil a raibh tionscadail acu a raibh fócas láidir acu ar rannpháirtíocht custaiméirí. Cuireadh teimpléid ar fáil don Longfort, do Dhún na nGall, agus do Dhún Laoghaire ionas go bhféadfaí an t-eolas a chur i láthair ar bhealach comhsheasmhach, agus béim á leagan ar phríomhfhoghlaim.

# Torthaí

Rinne REDC an dara suirbhé náisiúnta bliantúil ar sheirbhís do chustaiméirí don LGMA i mí Iúil 2022. Chríochnaigh formhór na bhfreagróirí an suirbhé trí ollsuirbhé ar líne REDC, ach riaradh suirbhéanna treisithe breise chun íoschuóta de 50 duine in aghaidh an údaráis áitiúil a áirithiú.

Cuireadh rialuithe cuóta i bhfeidhm chun a áirithiú go raibh sampla ionadaíoch ann de dhaoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine as Poblacht na hÉireann. Rinneadh na sonraí a bailíodh a ualú bunaithe ar inscne, aois, réigiún agus aicme shóisialta chun a áirithiú gur léirigh siad an daonra náisiúnta de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO). Freagraíonn na ceithre réigiún geografacha a úsáideadh sa tuarascáil le haghaidh anailíse do na réigiúin chéanna a roghnaíodh anuraidh, i.e., Baile Átha Cliath, an chuid eile de Chúige Laighean, de Chúige Mumhan, agus de Chúige Chonnacht/Uladh mar go raibh méid comhchosúil daonra iontu.

## Foirm na dtorthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil

Cuirtear torthaí na sonraí sa tuarascáil seo i láthair faoi na téamaí a bhí sa suirbhé:

- Próifíl an fhreagróra (inscne, aoisghrúpa, réigiún cónaithe, fad cónaithe sa cheantar, braistint chómhuintearais leis an gceantar)
- Leibhéil feasachta ar sheirbhísí údaráis áitiúil
- Leibhéil úsáide seirbhíse údaráis áitiúil le 12 mhí anuas
- Leibhéil sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil a úsáideadh
- Cainéil teagmhála le húdaráis áitiúla le cúig bliana anuas
- Foinsí faisnéise faoi sheirbhísí údaráis áitiúil
- Téama speisialta 2022: cumarsáid agus rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla maidir le seirbhísí
- Meon faoi sholáthar seirbhíse údaráis áitiúil

Ina theannta sin, tá tuairiscí sa chuid deiridh ar léargais bhreise a fuarthas nuair a crostáblaíodh sonraí an tsuirbhé trasna úsáid seirbhíse, ar bhraistint chómhuintearas leis an gceantar áitiúil, ar fhad cónaithe sa cheantar agus ar mheonta faoi údaráis áitiúla.

Faoi gach ceannteideal, déantar na sonraí a chur i láthair agus a athbhreithniú faoi cheithre cheannteideal (i) na torthaí iomlána do gach freagróir (ii) inscne (iii) aois, agus (iv) réigiún. Nuair is ábhartha, áirítear comparáid le 2021.

## Próifíl na bhfreagróirí


D'fhreagair míle, ocht gcéad caoga a hocht duine an suirbhé a riaradh idir an 7 Iúil agus an 20 Iúil, 2022. Tháinig méadú beag ar líon na rannpháirtithe i gcomparáid le 2021, nuair a rinne 1,744 rannpháirtithe an suirbhé.

## Aois, inscne agus réigiún

Bhí na freagróirí go léir 18 mbliana d'aois nó níos sine agus aithníodh sé aoisbhanda chun go roghnódh freagróirí ceann amháin díobh. Bhí na líonta a earcaíodh faoi gach aoisbhanda i gcomhréir leis na líonta a tuairiscíodh do na haoisbhandaí sin i bhfigiúirí Dhaonáireamh 2016 an CSO.

Ba iad siúd 35-44 bliana d'aois an grúpa ba mhó de rannpháirtithe agus b'ionann iad agus 21% de fhreagróirí. B'ionann an t-aoisghrúpa 65+ agus 19% den sampla, b'ionann an t-aoisghrúpa 45-54 agus 18%, b'ionann an t-aoisghrúpa 25-34 agus 17%, agus b'ionann an t-aoisghrúpa 55-64 agus 14% den sampla. Ba é an t-aoisghrúpa 18-24 bliana d'aois an grúpa is lú ionadaíocht, ag 11% de na freagróirí.

Mar a bhí an cás in 2021, ba iad na mná 51% de fhreagróirí agus ba iad na fir 49% díobh. Bhí 524 (28%) freagróir as réigiún Bhaile Átha Cliath; 504 (27%) as an gcuid eile de Chúige Laighean; 500 (27%) as Cúige Mumhan agus 330 (18%) as réigiún Chonnacht/Uladh.




Fíor 1: Próifíl aoise na bhfreagróirí

## Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil

In 2022 cuireadh cuid nua leis an suirbhé chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal a bhraith na freagróirí lena gceantar áitiúil agus chun fad a gcónaithe sa cheantar a fháil amach. Ba é an cuspóir ná na sonraí sin a úsáid chun a mheas cé acu an raibh nó nach raibh aon chomhghaol ann idir na gnéithe seo agus chun freagraí rannpháirtithe ar ráitis a bhain le seirbhísí údaráis áitiúil a fháil.

Ar an iomlán, bhí braistint chómhuintearais láidir ag 72% de na freagróirí maidir lena gceantar áitiúil, ní raibh braistint láidir chómhuintearas ag 12% díobh agus bhí 16% díobh neodrach ina mbraistint chómhuintearas lena gceantar áitiúil. Bhí braistint chómhuintearais níos láidre lena gceantar ag níos mó ban (75%) ná mar a bhí ag na fir (70%). Den chuid is mó, bhí na fír níos neodraí maidir lena mbraistint chómhuintearais (14%) i gcomparáid leis na mná (9%).

Tháinig méadú ar bhraistint chómhuintearais na bhfreagróirí de réir a chuaigh siad in aois. Thuairiscigh ochtó a dó faoin gcéad díobh siúd 65+ bliain d'aois go raibh cómhuintearas láidir acu lena gceantar áitiúil i gcomparáid le 58% díobh siúd idir 18 agus 24. Os a choinne sin, ba mhó an seans go mbeadh braistint chómhuintearais lag (24%) nó neodrach (18%) lena gceantar áitiúil ag an gcohórt ab óige (18-24), agus ba lú an seans go mbeadh braistint chómhuintearais lag (5%) nó neodrach (12%) lena gceantar áitiúil ag daoine 65+ bliain d'aois.

Tábla 1: Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir inscne 2022

| | Gach freagróir | Fear | Bean |
|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 909 | 947 |
| Glanláidir | 72% | 70% | 75% |
| Glanlag | 12% | 17% | 16% |
| Glan-neodrach | 16% | 14% | 9% |

Tábla 2: Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir aoise 2022

| | Gach freagróir | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 204 | 317 | 390 | 335 | 260 | 352 |
| Glanláidir | 72% | 58% | 69% | 72% | 73% | 73% | 82% |
| Glanlag | 12% | 24% | 11% | 13% | 10% | 10% | 5% |
| Glan-neodrach | 16% | 18% | 21% | 15% | 16% | 17% | 12% |

***Eochair eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 3: Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir réigiúin 2022

| | Gach freagróir | Baile Átha Cliath: | An Chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 524 | 504 | 500 | 330 |
| Glanláidir | 72% | 69% | 70% | 76% | 74% |
| Glanlag | 12% | 12% | 12% | 11% | 11% |
| Glan-neodrach | 16% | 19% | 18% | 13% | 15% |

***Eochair eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Go réigiúnach, ba lú an seans go mbeadh braistint chómhuintearais láidir acu siúd a bhí ina gcónaí i réigiún Bhaile Átha Cliath (69%) agus an Chuid eile de Chúige Laighean go díreach (70%) ina dhiaidh sin. Ba mhó an seans go mbeadh braistint chómhuinterais láidir acu siúd i gCúige Mumhan (76%) agus acu siúd i gCúige Chonnacht/Uladh (74%). Bhí braistint chómhuintearais lag sách comhsheasmhach ar fud na réigiún agus na céatadáin sa réimse idir 11% agus 12%. Ba i réigiúin Bhaile Átha Cliath agus sa chuid eile de Chúige Laighean is mó a bhí na daoine a raibh an claonadh acu a bheith neodrach.

**Fad cónaithe i gceantar údaráis áitiúil**

Bhí daichead a cúig faoin gcéad de na freagróirí ina gcónaí ina gceantar áitiúil ar feadh a saoil, agus bhí 24% díobh ina gcónaí go háitiúil le breis agus fiche bliain. Bhí ocht faoin gcéad déag de na freagróirí ina gcónaí ina gceantar ar feadh deich mbliana nó níos lú agus bhí 14% díobh ina gcónaí ann ar feadh idir 11 agus 20 bliain. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann idir na fir agus na mná.

Tábla 4: Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir inscne 2022

| | Gach freagróir | Fear | Bean |
|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 909 | 947 |
| Níos lú ná dhá bhliain | 3% | 3% | 3% |
| 2-5 bliana | 8% | 7% | 8% |
| 6-10 mbliana | 7% | 7% | 7% |
| 11-20 bliain | 14% | 14% | 15% |
| Níos mó ná 20 bliain | 24% | 24% | 24% |
| Mo shaol ar fad | 45% | 45% | 44% |

Tábla 5: Blianta ina gcónaí sa cheantar áitiúil de réir aoisghrúpa 2022

| | Gach freagróir | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 204 | 317 | 390 | 335 | 260 | 352 |
| Níos lú ná dhá | 3% | 6% | 6% | 2% | 2% | 2% | 0% |
| bhliain | 8% | 9% | 18% | 8% | 4% | 3% | 3% |
| 2-5 bliana | 7% | 3% | 12% | 12% | 4% | 3% | 2% |
| 6-10 mbliana | 14% | 13% | 9% | 21% | 21% | 16% | 5% |
| 11-20 bliain | 24% | 7% | 9% | 13% | 23% | 36% | 51% |
| Níos mó ná 20 bliain | 45% | 61% | 46% | 44% | 45% | 40% | 39% |

| ***Eochair eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Tábla 6: Blianta ina gcónaí sa cheantar áitiúil de réir réigiúin 2022

| | Gach freagróir | Baile Átha Cliath: | An Chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Connacht/ Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 524 | 504 | 500 | 330 |
| Níos lú ná | 3% | 4% | 1% | 2% | 3% |
| dhá bhliain | 8% | 11% | 7% | 6% | 6% |
| 2-5 bliana | 7% | 7% | 7% | 6% | 6% |
| 6-10 mbliana | 14% | 12% | 19% | 13% | 14% |
| 11-20 bliain | 24% | 27% | 24% | 20% | 26% |
| Níos mó ná 20 bliain | 45% | 39% | 42% | 53% | 45% |

| ***Eochair eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Le haghaidh gach aoisghrúpa, ba é an fad ba mhinice a raibh cónaí orthu i gceantar 'a saol go léir'. Bhí an ráta ard dóibh siúd idir 18-24 bliana d'aois ag 61% agus bhí sé idir 39% dóibh siúd idir 65+ bliana d'aois agus 46% dóibh siúd idir 25 agus 34 bliana d'aois.

Ba mhó ba chosúla go mbeadh cónaí orthu siúd a bhí 65+ ina gceantar áitiúil ar feadh níos mó ná 20 bliain. Bhí iad siúd idir 35 go 54 bliana d'aois sa ghrúpa ba fhorleithne i measc iad siúd a raibh cónaí orthu i gceantar ar feadh 11-20 bliain, agus bhí iad siúd idir 25-44 bliana d'aois sa ghrúpa ba fhorleithne i measc iad siúd a raibh cónaí orthu i gceantar ar feadh idir 6-10 mbliana. Bhí iad siúd idir 18-34 bliana d'aois sa ghrúpa ba fhorleithne i measc iad siúd a raibh cónaí orthu i gceantar ar feadh níos lú ná 5 bliana.

Ba dhóchúla go mbeadh cónaí ar dhaoine i gCúige Mumhan i gceantar ar feadh a saoil go léir (53%) agus ba lú ba dhóchúil go mbeadh cónaí ar dhaoine i mBaile Átha Cliath ina gceantar áitiúil ar feadh a saoil go léir (39%). Maidir leo siúd i réigiún Bhaile Átha Cliath (27%), áfach, agus i gConnacht/Uladh (26%) ba dhóchúla go mbeadh cónaí orthu i gceantar ar feadh níos mó ná 20 bliain i gcomparáid leo siúd i gCúige Mumhan (20%) nó sa Chuid Eile de Chúige Laighean (24%). Ba fhorleithne iad siúd a raibh cónaí orthu i réigiún Bhaile Átha Cliath i measc iad siúd a raibh cónaí orthu i gceantar ar feadh níos lú ná 5 bliana. Bhí an céatadán ab airde ag an gCuid eile de Chúige Laighean de dhaoine a raibh cónaí orthu sa cheantar áitiúil ar feadh 11-20 bliain agus bhí an scaipeadh sách cothrom fiú ar fud na réigiún dóibh siúd a raibh cónaí orthu sa cheantar ar feadh 6-10 mbliana.

## Feasacht

Táirgeann údaráis áitiúla raon leathan seirbhísí i ngach ceantar ach níl gach seirbhís ábhartha i ngach ceantar. Chun díriú ar shonraí fiúntacha, shainaithin an suirbhé 29 bpríomhsheirbhís a bhíonn ar fáil go coitianta i ngach údarás áitiúil agus rinneadh measúnú ar fheasacht na bhfreagróirí gurbh iad údaráis áitiúla a bhí freagrach as na seirbhísí sin a sholáthar.

### Feasacht fhoriomlán faoi sheirbhísí

Ba eol do nócha-naoi fán gcéad de na freagróirí gur sholáthair údaráis áitiúla cuid de na seirbhísí a bhí liostaithe nó iad go léir. Bhain na leibhéil ab airde d'fheasacht le cosáin, glanadh sráide, soilse sráide agus rialú bruscair in 2022 mar ab amhlaidh in 2021. Ar an iomlán, tá cuma air gur tháinig méadú ginearálta ar leibhéil fheasachta in 2022 nuair a chuirtear i gcomparáid le 2021 iad.

Tábla 7: An céatadán de fhreagróirí ab eol dóibh go soláthraíonn údaráis áitiúla an tseirbhís

| Seirbhís Údaráis Áitiúil | N=1,858 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Cosáin | 1680 | 90% | 87% |
| Glantachán Sráide | 1639 | 88% | 86% |
| Soilsiú Sráide | 1610 | 87% | 82% |
| Rialú Bruscair | 1597 | 86% | 81% |
| Bóithre | 1548 | 83% | 76% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 1532 | 82% | 78% |
| Tithíocht | 1527 | 82% | 79% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 1475 | 79% | 78% |
| Seirbhísí Athchúrsála | 1451 | 78% | 74% |
| Tacaí Pobail | 1428 | 77% | 77% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 1408 | 76% | 72% |
| Pleanáil & Forbairt | 1406 | 76% | 74% |
| Páirceáil & Sábháilteacht ar Bhóithre | 1339 | 72% | 63% |
| Seirbhís Maor Madraí | 1334 | 72% | 65% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 1324 | 71% | 67% |
| Forbairt Contae a Chur chun Cinn | 1189 | 64% | 58% |
| Reiligí agus Úirleachais | 1176 | 63% | 58% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 1167 | 63% | 59% |
| Cóiríocht don Lucht Taistil | 1138 | 61% | 58% |
| Spórt/Fóillíocht, Ionaid Phobail/Óige | 1106 | 60% | 61% |
| Tacaí do Dhaoine gan Dídean[3] | 1094 | 59% | n/a |
| Seirbhísí Dóiteáin | 1070 | 58% | 53% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 1064 | 57% | 52% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 1054 | 57% | 60% |
| Cosaint/Feasacht/Forfheidhmiú Comhshaoil[4] | 1026 | 55% | 48% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 979 | 53% | 45% |
| Bailiú Mótarchánach | 968 | 52% | 52% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna | 943 | 51% | 45% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 829 | 45% | 52% |

| ***Eochair Eolais*** | Feasacht ard 70% + | Feasacht mheasartha 50- | Feasacht íseal 49 + níos |
|---|---|---|---|

[3] Ní raibh seirbhísí do dhaoine gan dídean ar liosta na seirbhísí in 2021.

[4] In 2021, liostaíodh faisnéis chomhshaoil, feasacht chomhshaoil agus forfheidhmiú comhshaoil astu féin

In 2022, feictear cúig cinn déag de na 29 seirbhís sa chatagóir feasachta airde (i.e. ba eol do 70% nó níos mó de fhreagróirí gur sholáthair údaráis áitiúla an tseirbhís), is ionann sin agus méadú i gcomparáid le 2021 nuair a aicmíodh 12 sheirbhís sa chatagóir sin. Bogadh páirceáil agus sábháilteacht ar bhóithre, seirbhísí maor madra, agus seirbhísí d'fhorbairtí tithíochta nua ón gcatagóir
feasachta measartha chuig an gcatagóir feasachta airde in 2022.

Bhog trí sheirbhís ó leibhéil ísle feasachta in 2021 go leibhéil mheasartha feasachta in 2022. Ba iad sin faisnéis chomhshaoil, feasacht chomhshaoil, agus forfheidhmiú comhshaoil; monatóireacht ar uiscebhealaí agus thránna; chomh maith le turasóireacht agus imeachtaí. Níor liostaíodh ach seirbhís amháin, seirbhísí tacaíochta gnó, faoin gcatagóir feasachta ísle in 2022. I gcomparáid
le 2021, áfach, léiríonn sé sin laghdú ar fheasacht i measc freagróirí ó 52% in 2021 go 45% in 2022.

**Feasacht de réir chatagóir aoise**

Cosúil le 2021, bhí na leibhéil fheasachta is airde i measc na n-aoisghrúpaí níos síne agus níos ísle i measc aoisghrúpaí níos óige. Léiríonn daoine aonair os cionn 65 bliana d'aois na leibhéil is airde d'fheasacht maidir le 28 de na
29 seirbhís, ach amháin monatóireacht ar lochanna/uiscebhealaí/thránna áit
ar léirigh daoine 35-44 bliana d'aois na leibhéil ab airde d'fheasacht. Ina theannta sin, roinneann daoine idir 35 agus 44 leibhéil arda feasachta le haghaidh tacaí do dhaoine gan dídean leis an aoisghrúpa 65+.

Os a choinne sin, léirigh daoine aonair 18-24 bliana d'aois agus 25-34 bliana d'aois na leibhéil ab ísle d'fheasacht maidir le gach seirbhís. Roinn an t-aoisghrúpa 45-54 agus 25-34 leibhéil ísle feasachta faoin bhfíric go soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí spóirt/fóillíochta agus ionaid phobail/óige.

**Feasacht de réir inscne**

Bhí na leibhéil fheasachta mar an gcéanna le haghaidh fear agus ban don chuid is mó de sheirbhísí. Bhí éagsúlachtaí de 5% nó níos mó, áfach, idir na hinscní le haghaidh cúig sheirbhíse.

Is gnách go mbíonn feasacht níos airde ag fir maidir le (i) spórt/fóillíocht & ionaid phobail/óige agus (ii) seirbhísí tacaíochta gnó, cé go léiríonn mná feasacht níos airde go soláthraíonn údaráis áitiúla (iii) mótarcháin, (iv) tacaí d'fhorbairtí nua tithíochta, agus (v) seirbhísí soilse poiblí.

Tábla 8: Feasacht ar sheirbhísí áitiúla de réir aoise 2022

| Seirbhís | Gach Ceann Gach freagróir | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 204 | 317 | 390 | 335 | 260 | 352 |
| Cosáin | 90% | 81% | 85% | 90% | 93% | 93% | 96% |
| Glantachán Sráide | 88% | 74% | 83% | 87% | 91% | 93% | 97% |
| Soilsiú Sráide | 87% | 80% | 83% | 89% | 82% | 90% | 93% |
| Rialú Bruscair | 86% | 78% | 80% | 85% | 87% | 90% | 93% |
| Bóithre | 83% | 73% | 81% | 87% | 81% | 85% | 88% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 82% | 68% | 72% | 81% | 86% | 88% | 95% |
| Tithíocht | 82% | 60% | 70% | 83% | 88% | 89% | 95% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 79% | 64% | 71% | 79% | 80% | 86% | 90% |
| Seirbhísí Athchúrsála | 78% | 76% | 71% | 77% | 77% | 83% | 84% |
| Tacaí Pobail | 77% | 72% | 73% | 77% | 77% | 73% | 86% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 76% | 66% | | 73% | 78% | 79% | 81% |
| Pleanáil & Forbairt | 76% | 58% | 68% | 70% | 79% | 84% | 90% |
| Páirceáil & Sábháilteacht ar Bhóithre | 72% | 63% | 69% | 68% | 75% | 76% | 79% |
| Seirbhís Maor Madraí | 72% | 42% | 61% | 72% | 76% | 84% | 86% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 71% | 60% | 65% | 69% | 72% | 75% | 82% |
| Forbairt Contae a Chur chun Cinn | 64% | 53% | 57% | 63% | 63% | 66% | 77% |
| Reiligí agus Úirleachais | 63% | 41% | 53% | 62% | 67% | 73% | 76% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 63% | 45% | 52% | 61% | 62% | 73% | 78% |
| Cóiríocht don Lucht Taistil | 61% | 36% | 50% | 55% | 65% | 72% | 81% |
| Spóirt/Fóillíocht & Ionaid Phobail/Óige Ionaid | 60% | 57% | 56% | 59% | 56% | 59% | 68% |
| Tacaí do Dhaoine gan Dídean | 59% | 43% | 56% | 63% | 60% | 62% | 63% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 58% | 38% | 44% | 54% | 52% | 69% | 81% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 57% | 54% | 48% | 57% | 57% | 58% | 67% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 57% | 49% | 48% | 57% | 55% | 61% | 67% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil Forfheidhmiú | 55% | 54% | 50% | 57% | 53% | 53% | 61% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 53% | 55% | 49% | 52% | 50% | 51% | 59% |
| Bailiú Mótarchánach | 52% | 28% | 38% | 53% | 54% | 65% | 67% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/ Thránna | 51% | 47% | 49% | 55% | 49% | 49% | 53% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 45% | 51% | 39% | 44% | 40% | 42% | 53% |
| Gan aon cheann acu seo | 1% | 5% | 1% | 1% | 0% | 0% | 0% |

***Eochair eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 9: Éagsúlachtaí maidir le feasacht seirbhíse de réir inscne 2022

| | Gach freagróir | Fear | Bean |
|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 909 | 947 |
| Soilsiú Sráide | 87% | 84% | 89% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 71% | 67% | 75% |
| Spórt/Fóillíocht, Ionaid Phobail/Óige | 60% | 64% | 56% |
| Bailiú Mótarchánach | 52% | 46% | 58% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 45% | 47% | 42% |

**Feasacht de réir réigiúin**

Bhí na leibhéil fheasachta ab airde ag freagróirí i gCúige Mumhan le haghaidh 16 de na 29 seirbhís in 2022. Léiríonn sé sin méadú mór ar leibhéil fheasachta toisc gur thaifead freagróirí in 2021 leibhéil arda d'fheasacht le haghaidh 5 sheirbhíse. Tá na leibhéil is ísle d'fheasacht fós ag réigiún Bhaile Átha Cliath; tugadh tuairisc ar an gcéatadán ab ísle i 19 de na 29 gcatagóir (i gcomparáid le 18 gcatagóir in 2021).

Thug freagróirí Chúige Chonnacht/Uladh tuairisc ar na leibhéil ab airde d'fheasacht i 7 de na 29 gcatagóir in 2022, is ionann sin agus laghdú ó 2021 nuair a thug freagróirí réigiúnacha tuairisc ar an bhfeasacht ab airde i 15 de na 30 catagóir. Bhí an fheasacht ab airde ag freagróirí ón gcuid eile de Chúige Laighean maidir le 9 de na 29 seirbhís; tá sé sin cosúil le 2021 nuair a bhí an fheasacht ab airde acu maidir le 10 seirbhís. Ar an iomlán, níl mórán éagsúlachta idir na rátaí náisiúnta agus réigiúnacha ach amháin i líon beag cásanna.


Tábla 10: Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir réigiúin 2022

| | Gach Ceann Gach freagróir | Baile Átha Cliath | Eile de Cúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Cúige Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 524 | 504 | 500 | 330 |
| Cosáin | 90% | 90% | 91% | 91% | 91% |
| Glantachán Sráide | 88% | 86% | 88% | 91% | 87% |
| Soilsiú Sráide | 87% | 88% | 87% | 86% | 85% |
| Rialú Bruscair | 86% | 85% | 87% | 86% | 87% |
| Bóithre | 83% | 79% | 82% | 86% | 88% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 82% | 86% | 83% | 80% | 80% |
| Tithíocht | 82% | 78% | 84% | 82% | 86% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 79% | 80% | 78% | 81% | 77% |
| Seirbhísí Athchúrsála | 78% | 79% | 77% | 79% | 77% |
| Tacaí Pobail | 77% | 75% | 81% | 79% | 71% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 76% | 71% | 80% | 77% | 75% |
| Pleanáil & Forbairt | 76% | 71% | 78% | 77% | 77% |
| Páirceáil & Sábháilteacht ar Bhóithre | 72% | 73% | 69% | 75% | 72% |
| Seirbhís Maor Madraí | 72% | 64% | 71% | 77% | 76% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 71% | 67% | 73% | 74% | 72% |
| Forbairt Contae a Chur chun Cinn | 64% | 55% | 69% | 69% | 62% |
| Reiligí agus Úirleachais | 63% | 59% | 61% | 74% | 59% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 63% | 56% | 66% | 66% | 66% |
| Cóiríocht don Lucht Taistil | 61% | 54% | 64% | 63% | 66% |
| Spóirt/Fóillíocht, Ionaid Ionaid | 60% | 71% | 57% | 56% | 50% |
| Tacaí do Dhaoine gan Dídean | 59% | 59% | 58% | 62% | 56% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 58% | 47% | 61% | 64% | 60% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 57% | 48% | 63% | 59% | 61% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 57% | 54% | 58% | 59% | 55% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil Forfheidhmiú | 55% | 50% | 56% | 58% | 56% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 53% | 48% | 55% | 56% | 52% |
| Bailiú Mótarchánach | 52% | 32% | 60% | 57% | 63% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/ Thránna | 51% | 53% | 48% | 57% | 43% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 45% | 46% | 47% | 44% | 40% |
| Gan aon cheann acu seo | 1% | 1% | 1% | 1% | 1% |

***Eochair eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tá ceithre sheirbhís ann a bhfuil éagsúlacht de +/- 10 bpointe céatadáin eatarthu nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis na figiúir le haghaidh na bhfreagróirí go léir. Baineann na héagsúlachtaí dearfacha is airde le (i) feasacht faoi reiligí i gCúige Mumhan, (ii) áiseanna spóirt/fóillíochta agus ionaid phobail/ óige i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus (iii) bailiúchán mótarchánach i gCúige Chonnacht/Uladh, 11 phointe céatadáin níos airde ná na figiúir náisiúnta. I réigiún Bhaile Átha Cliath, bhí feasacht faoi sholáthar seirbhísí dóiteáin ag údaráis áitiúla 11% phointe céatadáin níos ísle ná an meán náisiúnta.

Maidir le mótarcháin, tá na leibhéal arda feasachta i gCúige Chonnacht/Uladh (+11 phointe céatadáin) i gcodarsnacht leis na leibhéil an-ísle de fheasacht i Réigiún Bhaile Átha Cliath (-20 pointe céatadáin). Ar an gcaoi chéanna, cuirtear i gcoinne na leibhéal ard de fheasacht faoi áiseanna spóirt/fóillíocht agus ionaid phobail/óige i réigiún Bhaile Átha Cliath (+11 phointe céatadáin) ag na leibhéil ísle d'fheasacht i réigiún Chonnacht (-10 bpointe céatadáin).




Fíor 2: An dóchúlacht go mbeifear feasach go soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí 2022

# Úsáid seirbhísí

## Úsáid fhoriomlán seirbhísí

Ba í aidhm an tsuirbhé in 2022 a shocrú cén seirbhísí a d'úsáid freagróirí laistigh den dá mhí déag roimhe[5].
Maidir le nócha-cúig fán gcéad de fhreagróirí d'úsáid siad seirbhís údaráis áitiúil ar a laghad, méadú 2 phointe céatadáin i gcomparáid le 2021, agus mar sin sásaíonn sé an sainmhíniú ar 'chustaiméir' atá ina fhaighteoir díreach seirbhísí (Boyle, 2020).

Níor athraigh na sé sheirbhísí ba choitianta a úsáideadh in 2022 i gcomparáid le 2021. Ba iad sin araidí bruscair, ionaid athchúrsála, páirceáil, bailiú mótarchánach, seirbhísí leabharlainne, agus áiseanna fóillíochta áitiúla lasmuigh. Chuaigh an ráta úsáide i méid ar fud na seirbhísí sin go léir in 2022, rud a bhfuil maolú shrianta Covid-19 in 2022 ina fhachtóir amháin a chuir leis.


Thug seachtó fán gcéad de fhreagróirí tuairisc ar araidí bruscair a úsáid, agus thug 68% tuairisc ar ionaid athchúrsála a úsáid, is ionann sin agus méadú ó úsáid 64% ar tugadh tuairisc air don dá cheann in 2021. D'úsáid 64% de fhreagróirí páirceáil phoiblí (méadú ó 51% in 2021) agus d'úsáid 48% seirbhísí mótarchánach, méadú de 5 phointe céatadáin i gcomparáid le 2021. Anuas air sin, phléigh 38% le seirbhísí leabharlainne (méadú ó 31% in 2021), agus bhain 37% úsáid as áiseanna áitiúla mar chlóis súgartha agus pháirceanna (méadú ó 33%).

Thug tríocha-sé fán gcéad de fhreagróirí tuairisc ar sheirbhísí bainteach le bóithre a úsáid in 2022, ach ní raibh aon fhigiúr inchomparáide i gceist le haghaidh 2021. Maidir le 10 seirbhís bhí na rátaí úsáide idir 5% agus 21% i measc freagróirí. Áirítear leis na seirbhísí sin (i) reiligí, (ii) spórt/fóillíocht agus ionaid phobail/óige, (iii) turasóireacht áitiúil agus imeachtaí, (iv) seirbhísí ealaíon agus oidhreachta (v) clár na dtoghthóirí, (vi) seirbhísí pobail áitiúla, (vii) tithíocht údaráis áitiúil, (viii) draenáil uisce/cois bóthair, (ix) pleanáil, agus (x) monatóireacht ar lochanna/uiscebhealaí.

Tábla 11: Na seirbhísí údaráis áitiúil is mó a úsáideadh 2021 agus 2022

| Seirbhís | 2021 | 2022 | Méadú |
|---|---|---|---|
| Boscaí Bruscair | 64% | 70% | 6% |
| Ionaid Athchúrsála (Bainc buidéal) | 64% | 68% | 4% |
| Páirceáil | 51% | 64% | 13% |
| Bailiú Mótarchánach | 43% | 48% | 5% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 31% | 38% | 7% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 33% | 37% | 4% |

[5] Fágadh cosáin, soilse sráide agus glanadh sráide amach ón liosta de sheirbhísí a chuirtear ar fáil do fhreagróirí mar nach mbíonn mórán rogha ag an bpobal maidir leis na seirbhísí sin a úsáid. Fágadh bóithre amach in 2021 ach cuireadh san áireamh é in 2022 toisc go síneann seirbhísí faoin gceannteideal sin thar thiomáint ar na bóithre.




Fíor 3: Seirbhísí údaráis áitiúil a úsáideadh le 12 mhí anuas

Thug naoi seirbhís tuairisc ar úsáid níos lú ná 5% i measc freagróirí. Ba iad na seirbhísí sin (i) tacaí nua d'fhorbairt tithíochta, (ii) cosaint, feasacht agus forfheidhmiú comhshaoil, (iii) forbairt contae, (ii) seirbhís na maor madraí, (v) scéim um athnuachan uirbeach agus sráidbhailte, (vi), seirbhísí tacaíochta gnó, (vii) seirbhísí dóiteáin, (viii) cóiríocht don lucht taistil, agus (ix) tacaí do dhaoine gan dídean.

## Úsáid seirbhísí de réir chatagóir aoise

In 2021 bhí úsáid seirbhísí scaipthe go cothrom thar na sé haoisghrúpa ach in 2022 bhí céatadán níos airde den chohórt ab óige ina n-úsáideoirí seirbhíse i gcoibhneas leis na haoisghrúpaí eile. Ba dhóchúla go mbeadh an cohórt 18-24 ina n-úsáideoirí seirbhíse maidir le 17 de na 26 sheirbhís. In 2021 ba amhlaidh maidir le 8 de na 30 seirbhís. Léirigh an cohórt aoise ba shine (65+) na rátaí ab airde úsáide maidir le 4 sheirbhís (i) ionaid athchúrsála, (ii) páirceáil, (iii) bailiú mótarchánach, agus (iv) seirbhísí leabharlainne. Cuirtear é sin i gcomparáid leis na rátaí úsáide is airde as 9 seirbhís in 2021.

Bhí na húsáideoirí seirbhíse idir 25 agus 64 bliana d'aois agus bhí rátaí úsáide níos airde acu i gcomparáid le húsáideoirí seirbhíse le haghaidh (i) thithíocht údaráis áitiúil (ii) pleanáil (iii) áiseanna údaráis áitiúil, (iv) spórt/fóillíocht agus ionaid phobail, (iv) imeachtaí áitiúla turasóireachta, chomh maith le (vi) reiligí.


Tábla 12: Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir aoise 2022

| | | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **N=** | **1,858** | **204** | **317** | **390** | **335** | **260** | **352** |
| Boscaí Bruscair | 70% | 73% | 68% | 73% | 68% | 70% | 69% |
| Ionaid Athchúrsála (Bainc buidéal) | 68% | 49% | 55% | 65% | 69% | 79% | 84% |
| Páirceáil | 64% | 60% | 60% | 65% | 66% | 64% | 67% |
| Bailiú Mótarchánach | 48% | 23% | 38% | 50% | 51% | 57% | 61% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 38% | 37% | 34% | 37% | 36% | 40% | 42% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 37% | 43% | 35% | 44% | 38% | 31% | 31% |
| Bóithre | 36% | 51% | 42% | 39% | 34% | 30% | 27% |
| Reiligí agus Úirleachais | 21% | 22% | 16% | 21% | 23% | 21% | 22% |
| Ionaid Spóirt/Fhóillíochta & Ionaid Phobail Ionaid | 20% | 29% | 20% | 31% | 20% | 9% | 11% |
| Turasóireacht agus Imeachtaí Áitiúla | 17% | 22% | 16% | 22% | 16% | 12% | 13% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 13% | 29% | 9% | 9% | 9% | 13% | 13% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 11% | 19% | 10% | 7% | 10% | 9% | 14% |
| Seirbhísí Pobail Áitiúla | 10% | 19% | 8% | 9% | 6% | 3% | 14% |
| Tithíocht | 9% | 7% | 14% | 12% | 8% | 6% | 3% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 7% | 14% | 7% | 7% | 6% | 4% | 7% |
| Pleanáil | 6% | 6% | 8% | 5% | 6% | 6% | 5% |
| Monatóireacht ar Lochanna, Uiscebhealaí, | 5% | 13% | 5% | 5% | 4% | 2% | 2% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 4% | 8% | 7% | 4% | 3% | 4% | 2% |
| Cosaint/Feasacht/Forfheidhmiú Comhshaoil | 4% | 6% | 5% | 4% | 3% | 3% | 3% |
| Forbairt Contae | 4% | 8% | 5% | 3% | 2% | 0% | 5% |
| Seirbhís Maor Madraí | 3% | 5% | 4% | 2% | 4% | 4% | 2% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 3% | 9% | 2% | 2% | 4% | 2% | 2% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 3% | 9% | 3% | 2% | 2% | 1% | 1% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 2% | 6% | 3% | 2% | 1% | 1% | 1% |
| Cóiríocht don Lucht Taistil | 2% | 8% | 3% | 0% | 0% | 1% | 1% |
| Tacaí do Dhaoine gan Dídean | 2% | 5% | 2% | 2% | 1% | 1% | 1% |
| Gan aon cheann acu seo | 5% | 6% | 7% | 5% | 4% | 5% | 1% |

| ***Eochair eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Cé go raibh éagsúlachtaí i rátaí úsáide ar fud na gcohórt aoise, léiríonn na sonraí gurbh ann do chúig sheirbhís ar fiú aird a tharraingt ar na héagsúlachtaí maidir leo (i.e, +/- 10 bpointe céatadáin i gcomparáid leis na figiúir náisiúnta fhoriomlána), (i) ealaíon agus oidhreacht, (ii) áiseanna spóirt/fóillíocht agus ionaid phobail/óige, (iii) seirbhísí bainteach le bóithre, (iv), bailiú mótarchánach, agus (v) ionaid athchúrsála.

Ba mhó ba dhóchúla go n-úsáidfeadh daoine idir 18-25 bliana d'aois seirbhísí ealaíon agus oidhreachta chomh maith le seirbhísí bainteach le bóithre ach ba lú an dóchúlacht go n-úsáidfidís seirbhísí um bailiú mótarchánach nó seirbhísí athchúrsála Ba dhóchúla go n-úsáidfeadh daoine 35-44 bliana d'aois agus 18-25 bliana d'aois áiseanna spóirt/fóillíochta agus ionaid óige agus phobail. Ba dhóchúla go mór go n-úsáidfeadh daoine 55 bliana d'aois agus níos sine ionaid athchúrsála agus na hoifigí um bailiú mótarchánach i gcomparáid leis na cohóirt aoise níos óige.




Fíor 4: An dóchúlacht go n-úsáidfear seirbhísí de réir chohóirt aoise in 2022

Tábla 13: Éagsúlacht maidir le húsáid seirbhíse de réir inscne 2022

| Seirbhís a úsáideadh le 12 mhí anuas | Fear | Bean |
|---|---|---|
| Bailiú Mótarchánach | 45% | 51% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 35% | 40% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 14% | 9% |

### Úsáid seirbhísede réir inscne

D'úsáid sé fán gcéad níos mó de mhná (51%) an oifig mhótarchánach i gcomparáid le fir (45%). Ina theannta sin, bhí úsáid leabharlainne níos airde le haghaidh ban (40%) ná fir (35%). Sa deireadh, bhí éagsúlacht 5% idir úsáid chlár na dtoghthóirí le haghaidh fear (14%) agus i gcomparáid le mná (9%).

### Úsáid seirbhíse de réir réigiúin

Ó thaobh úsáid seirbhíse de réir réigiúin, bhí na rátaí ab airde d'úsáid seirbhíse le haghaidh 11 seirbhíse ag an gCuid eile de Chúige Mumhan agus ag Cúige Mumhan, ag réigiún Bhaile Átha Cliath le haghaidh 8 seirbhíse agus ag Connacht/Uladh le haghaidh 4 sheirbhíse.

Tábla 14: Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir réigiúin 2022

| | | Baile Átha Cliath | An Chuid Eile de Cúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Cúige Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 524 | 504 | 500 | 330 |
| Boscaí Bruscair | 70% | 75% | 65% | 73% | 66% |
| Ionaid Athchúrsála (Bainc buidéal) | 68% | 68% | 67% | 66% | 72% |
| Páirceáil | 64% | 58% | 67% | 65% | 67% |
| Bailiú Mótarchánach | 48% | 36% | 53% | 53% | 53% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 38% | 41% | 36% | 39% | 33% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 37% | 42% | 36% | 37% | 30% |
| Bóithre | 36% | 30% | 39% | 39% | 39% |
| Reiligí agus Úirleachais | 21% | 20% | 23% | 22% | 17% |
| Ionaid Spóirt/Fhóillíochta & Ionaid Phobail Ionaid | 20% | 24% | 21% | 18% | 16% |
| Turasóireacht agus Imeachtaí Áitiúla | 17% | 13% | 19% | 18% | 17% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 13% | 14% | 13% | 12% | 11% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 11% | 15% | 9% | 11% | 8% |
| Seirbhísí Pobail Áitiúla | 10% | 10% | 11% | 10% | 7% |
| Tithíocht | 9% | 8% | 8% | 11% | 7% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 7% | 6% | 8% | 8% | 5% |
| Pleanáil | 6% | 5% | 7% | 8% | 4% |
| Monatóireacht ar Lochanna, Uiscebhealaí, | 5% | 5% | 6% | 4% | 3% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 4% | 6% | 3% | 5% | 3% |
| Cosaint/Feasacht/Forfheidhmiú | 4% | 5% | 4% | 5% | 1% |
| Comhshaoil | 4% | 4% | 5% | 4% | 1% |
| Forbairt Contae | 3% | 2% | 3% | 5% | 3% |
| Seirbhís Maor Madraí | 3% | 3% | 4% | 4% | 1% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 3% | 2% | 4% | 3% | 2% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 2% | 2% | 2% | 3% | 1% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 2% | 1% | 2% | 3% | 1% |
| Cóiríocht don Lucht Taistil | 2% | 2% | 2% | 3% | 1% |
| Tacaí do Dhaoine gan Dídean | 5% | 4% | 5% | 4% | 6% |

***Eochair eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tugadh faoi deara rátaí níos ísle d'úsáid seirbhísí i réigiún Bhaile Átha Cliath i gcomparáid leis na réigiúin eile maidir le (i) mótarcháin, (ii) páirceáil agus (iii) cothabháil agus feabhsúcháin bóithre Bhí an éagsúlacht réigiúnach um bailiú mótarchánach níos airde i gcomparáid le seirbhísí eile. I réigiún Bhaile Átha Cliath, thug 36% de fhreagróirí tuairisc ar údaráis áitiúla a úsáid um bailiú mótarchánach, agus d'úsáid an 53% de fhreagróirí i ngach ceann de na trí réigiún eile bailiúchán mótarchánach. Tá an fhionnachtain sin cosúil le fionnachtain 2021.


Ó thaobh chothabháil agus fheabhsú bóithre, thug na trí réigiún lasmuigh de Bhaile Átha Cliath tuairisc ar ráta úsáide de 39%, agus

thug 30% de fhreagróirí réigiún Bhaile Átha Cliath tuairisc ar an tseirbhís a úsáid. Ar an gcaoi chéanna, bhí úsáid páirceála i réigiún Bhaile Átha Cliath faoi bhun úsáid na réigiún eile agus 58% de fhreagróirí ag úsáid na seirbhíse sin i gcomparáid le figiúr idir 65% agus 67% ar fud na dtrí réigiúin eile.

Os a choinne sin, maidir le háiseanna fóillíochta áitiúla lasmuigh, bhí an ráta úsáide ab airde ag réigiún Bhaile Átha Cliath ag 42%, cé gur thug freagróirí sna trí réigiún eile tuairisc ar rátaí úsáide idir 30% agus 37%.

## Sásamh le seirbhísí a úsáideadh

Chomh maith le sonraí a bhailiú faoin leibhéal d'úsáid sheirbhísí údaráis áitiúil le dhá mhí déag anuas, rinne an tseirbhís iniúchadh freisin ar leibhéil sásamh leis an bplé sin le seirbhísí.[6]




Fíor 5: Rátaí sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil 2022

[6] Níor bailíodh na sonraí in 2021.

As na 26 sheirbhísí a rinneadh a athbhreithniú, bhí an céatadán de fhreagróirí a bhí sásta le seirbhísí idir 90% le haghaidh leabharlann agus 35% le haghaidh seirbhísí bainteach le bóithre. Le haghaidh 12 sheirbhíse, bhí níos mó ná 70% de fhreagróirí sásta lena seirbhís, agus bhí níos mó ná leath d'úsáideoirí seirbhíse (50%+) sásta le 23 de na 26 sheirbhís, ach amháin (i) bóithre, (ii) pleanáil agus (iii) cosaint, feasacht agus forfheidhmiú comhshaoil.

Maidir le daoine nach raibh sásta ba dhóchúla go mbeidís neodrach seachas míshásta, ach amháin maidir le seirbhísí maor madraí. Bhí rátaí neodracha idir 8% le haghaidh leabharlann agus 37% le haghaidh cóiríochta don lucht taistil. Bhí míshásamh le haghaidh seirbhísí idir an figiúr ab airde de 30% le haghaidh úsáideoirí seirbhísí bóthair agus figiúr íseal de 2% le haghaidh leabharlann.

I dteanna le leabharlanna, bhí céatadáin arda de fhreagróirí sásta le seirbhísí dóiteáin (83%), ionaid athchúrsála (80%), reiligí (78%), agus áiseanna fóillíochta áitiúla lasmuigh (77%).

## Bealaí teagmhála

Fiafraíodh de na freagróirí cén bealaí a d'úsáid siad le teagmháil nó plé a dhéanamh le húdarás áitiúil le cúig bliana anuas. Dóibh siúd a rinne teagmháil le húdaráis áitiúla le dhá bhliain anuas, ba iad láithreáin ghréasáin an bealach plé ba mhinice a úsáideadh, agus mhéadaigh an ráta úsáide ó 11% de fhreagróirí ag plé leo 1 go 2 bhliain ó sin, go 17% le haghaidh plé a tharla idir 6-12 mhí roimhe agus sa deireadh go 31% de fhreagróirí nuair a tharla an plé i rith na sé mhíosa roimhe sin.

Table 15: Channels of engagement used over the past five years 2022

| | Cuairt Tugtha Suíomh gréasáin | Ríomh phost | Ar Líne | Na Meáin Shóisialta | Foláirimh Téacs | Breis agus Guthán | I bPearsa | Tríú Páirtí | Cruinniú poiblí | Litir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 | 1,858 |
| Le 6 mhí anuas | 31% | 14% | 17% | 14% | 7% | 16% | 13% | 6% | 2% | 7% |
| 6-12 mhí anuas | 17% | 10% | 11% | 6% | 3% | 8% | 8% | 5% | 3% | 6% |
| 1-2 bhliain | 11% | 8% | 7% | 4% | 3% | 9% | 9% | 5% | 4% | 6% |
| 2-5 bhliain | 6% | 6% | 5% | 2% | 2% | 8% | 10% | 6% | 5% | 5% |
| 5 bliana + | 4% | 7% | 4% | 2% | 1% | 11% | 13% | 8% | 9% | 12% |
| | ↑ | ↑ | ↑ | ↑ | ↑ | ↑ | = | = | ↓ | ↓ |
| Never | 32% | 55% | 57% | 73% | 85% | 48% | 47% | 70% | 77% | |

| ***Eochair eolais*** | Pointe is airde | Pointe is ísle |
|---|---|---|


Roimhe sin ba í teagmháil i bpearsa an cineál plé ba choitianta agus tuairisc tugtha ar an gcineál sin plé ag 10% idir 2 agus 5 bliana ó sin agus ag 13% má tharla an plé níos mó ná cúig bliana ó sin. Tháinig méadú ar úsáid ríomhphoist, seirbhísí ar líne, na meáin shóisialta, foláirimh téacs agus plé ar an nguthán nuair a chuirtear rátaí deireanacha i gcomparáid leis na rátaí cúig bliana ó sin. Ag an am céanna, tháinig laghdú ar phlé i gcruinnithe poiblí agus trí litreacha thar an tréimhse ama céanna.

Ba é plé i bpearsa le baill foirne an rogha le haghaidh 13% de dhaoine a phléigh le húdaráis áitiúla le 6 mhí anois chomh maith leo siúd a raibh plé acu níos mó ná cúig bliana ó sin. Tháinig laghdú ar phlé idir na tréimhsí ama, is dóchúla go raibh tionchar ag na srianta ar rochtain ar sheirbhísí i bpearsa mar thoradh ar shrianta Covid-19.

## Foinsí faisnéise

Bhailigh an suirbhé freisin sonraí faoin áit a bhfuair daoine a gcuid eolais faoi údaráis áitiúla. In 2021, bhraith 51% de fhreagróirí ar láithreáin ghréasáin le haghaidh eolais ach níorbh fhéidir measúnú ar bith a dhéanamh maidir le cibé acu arbh láithreáin ghréasáin údaráis áitiúil nó láithreáin ghréasáin eile iad. In 2022 rinneadh an t-idirdhealú sa suirbhé agus nochtadh leis na torthaí gurbh iad láithreáin ghréasáin údaráis áitiúil an phríomhfhoinse eolais le haghaidh 47% de fhreagróirí, agus thug 9% de fhreagróirí tuairisc ar láithreáin ghréasáin eile a úsáid chomh maith.

Amhail 2021, ba iad nuachtáin áitiúla an dara foinse eolais ba mhinice a úsáideadh, ach chuaigh an céatadán de fhreagróirí a bhí ag úsáid nuachtáin áitiúla i méid ó 26% in 2021 go 30% in 2022. Arís eile, ba iad cairde agus comharsana an tríú foinse eolais ba mhinice a úsáideadh ach tharla laghdú beag ó 26% in 2021 go 25% in 2022:



Fíor 6: Foinsí Faisnéise

I measc na n-ardán éagsúil ar na meáin shóisialta, is é Facebook fós an fhoinse eolais is mó a úsáidtear, agus é á úsáid ag 19% de fhreagróirí in 2022, i gcomparáid le 18% in 2021. Baineadh úsáid as ardáin eile ar na meáin shóisialta, ach ba annaimhe a úsáideadh iad. D'úsáid 7% de fhreagróirí Twitter, agus ba ionann sin agus méadú beag ó 6% in 2021, agus d'fhan úsáid Instagram agus LinkedIn ag 4% agus 1% faoi seach.

Lean daoine orthu ag úsáid póstaer agus bileog mar fhoinsí eolais, ach tugadh faoi deara laghdú de cheithre phointe céatadáin, ó 16% in 2021 go 12% in 2022. Ar an gcaoi chéanna, is tábhachtach fós teagmháil a dhéanamh le foireann údaráis áitiúil ach chuaigh sé i laghad freisin ó 14% in 2021 go 11% in 2022. Freisin tháinig laghdú ar líon na bhfreagróirí a thug tuairisc ar aipeanna údaráis áitiúil a úsáid mar fhoinse eolais ó 6% in 2021 go 4% in 2022.


**Foinse faisnéise de réir aoise**
Ba léir roghanna sách soiléir nuair a rinneadh athbhreithniú ar na sonraí de réir chohórt aoise. Bhraith na cohóirt níos sine níos mó ar fhoinsí traidisiúnta eolais mar nuachtáin, raidió nó teagmháil a dhéanamh le comhairleoirí nó foireann údaráis áitiúil. Ba lú an dóchúlacht go n-úsáidfeadh na cohóirt ab óige (18-25) na cainéil ach amháin chun eolas a iarraidh ó chlann nó chairde. Bhí plé iad siúd idir 25-44 le cainéil na meán sóisialta níos airde i gcomparáid leo siúd a bhí níos óige nó níos sine, agus d'úsáid ráta níos airde de dhaoine idir 45-64 láithreáin ghréasáin údaráis áitiúil i gcomparáid leis na haoisghrúpaí eile.

Tábla 16: Foinse eolais faoi údaráis áitiúla de réir aoisghrúpa 2022

| | | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 204 | 317 | 390 | 335 | 260 | 352 |
| Láithreán gréasáin ÚÁ | 47% | 26% | 42% | 51% | 55% | 55% | 47% |
| Nuachtán Áitiúil | 30% | 24% | 24% | 21% | 30% | 33% | 47% |
| Cairde agus Comharsana | 25% | 32% | 24% | 20% | 24% | 24% | 30% |
| Facebook | 19% | 14% | 22% | 26% | 24% | 11% | 14% |
| Comhairleoirí | 16% | 6% | 12% | 12% | 19% | 15% | 26% |
| Nuacht ar an Raidió Áitiúil | 15% | 10% | 12% | 8% | 12% | 20% | 24% |
| Póstaeir/Bileoga etc | 12% | 16% | 9% | 9% | 7% | 17% | 16% |
| Foireann Údaráis Áitiúil | 11% | 7% | 10% | 7% | 13% | 14% | 16% |
| Suíomhanna gréasáin eile | 9% | 9% | 10% | 12% | 8% | 8% | 5% |
| Twitter | 7% | 11% | 9% | 13% | 6% | 2% | 2% |
| Nuachtán Náisiúnta | 7% | 6% | 4% | 4% | 5% | 9% | 14% |
| Nuachtlitir údaráis áitiúil | 6% | 6% | 5% | 5% | 6% | 5% | 11% |
| Raidió Náisiúnta | 5% | 4% | 2% | 4% | 3% | 7% | 12% |
| TV | 5% | 2% | 8% | 3% | 4% | 7% | 6% |
| Foláirimh téacs | 4% | 2% | 1% | 5% | 5% | 7% | 6% |
| Aipeanna Údaráis Áitiúil | 4% | 1% | 3% | 5% | 5% | 5% | 4% |
| Instagram | 4% | 7% | 8% | 6% | 2% | 1% | 1% |
| LinkedIn | 1% | 0% | 3% | 1% | 0% | 0% | 1% |
| Eile | 1% | 1% | 1% | 1% | 1% | 0% | 2% |
| Gan aon cheann acu seo | 11% | 19% | 19% | 9% | 9% | 8% | 5% |

| ***Eochair eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

**Cainéil eolais na n-údarás áitiúil**
Nuair a bhreathnaítear ar na héagsúlachtaí idir na rátaí iomlána plé le haghaidh na bhfreagróirí go léir agus an figiúr a tuairiscíodh faoi gach catagóir aoise, ba léir gurbh lú go mór an dóchúlacht go n-úsáidfeadh daoine níos óige foinsí eolais údaráis áitiúil i gcomparáid le cohóirt níos sine. Baineann an sampla níos foircní le húsáid láithreáin ghréasáin na n-údarás áitiúil. Ba lú an dóchúlacht ag 21 phointe céatadáin go n-úsáidfeadh daoine idir 18-24 bliana iad i gcomparáid le hiomláin le haghaidh na bhfreagróirí go léir, agus ba dhóchúla ag 8 bpointe fán gcéad go n-úsáidfeadh daoine idir 45-64 bliana d'aois iad.





Fíor 7: An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil eolais údaráis áitiúil de réir chohórt aoise 2022

Chomh maith le láithreáin ghréasáin údaráis áitiúil, ba lú an dóchúlacht go n-úsáidfeadh daoine faoi bhun 35 foláirimh téacs agus aipeanna údaráis áitiúil agus ba lú an dóchúlacht go ndéanfadh daoine faoi bhun 45 teagmháil le foireann údaráis áitiúil i gcomparáid leo siúd 45+. Ba mhó an dóchúlacht go n-úsáidfeadh daoine 65+ d'aois nuachtlitreacha údaráis áitiúil.

## Na meáin traidisiúnta

Ba léir gurbh fhearr daoine 55+ na foinsí traidisiúnta meán, go háirithe an raidió áitiúil agus nuachtáin áitiúla. Maidir leo siúd 65+ d'aois ba dhóchúla ag 9 bpointe céatadáin go n-éistfidís leis an raidió áitiúil agus ba dhóchúla ag 17 bpointe céatadáin go léifidís nuachtáin áitiúla i gcomparáid leis an iomlán le haghaidh gach freagróra. Maidir leo siúd idir 34-44, áfach, ba lú an dóchúlacht ag 7 bpointe céatadáin agus 9 bpointe céatadáin, faoi seach, go mbeadh plé acu le raidió áitiúil agus le nuachtáin áitiúla.





Fíor 8: An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil thraidisiúnta na meán de réir chohórt aoise 2022

Bhí na torthaí i dtaobh raidió náisiúnta agus nuachtán ar aon dul leis seo, cé nach raibh siad chomh follasach céanna giota beag agus seans níos mó ann i measc freagróirí 55+ go mbraithfidís orthu seo mar fhoinse eolais. Ba lú na héagsúlachtaí a bhí ann maidir le teilifís ach, i gcás daoine 55+ agus daoine idir 25-34 bliain d'aois, ba mhó seans ann go bhfaighidís faisnéis ón teilifís i gcomparáid leis na haoischohóirt eile.


**Na meáin shóisialta**

Tríd is tríd, ba iad an aoischohórt níos óige idir 18 agus 44 bliain d'aois an dream ba mhó a úsáideann na meáin shóisialta, diomaite de Facebook, ós iadsan idir 18 agus 24 bliana d'aois an dream ba lú is dual dóibh leas a bhaint as chun eolas a fháil. Os a choinne sin, ba iad na daoine 45+ an dream is lú is dual dóibh leas a bhaint as na meáin shóisialta, cé is moite de Facebook arbh iad daoine idir 45-54 bliain d'aois an dream is mó is dual dóibh plé leis.




Fíor 9: An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil thraidisiúnta na meán de réir aoischohóirt 2022

**Plé aghaidh ar aghaidh**
Sa bhreis ar labhairt le foireann na n-údarás áitiúil, bhí dhá rogha cumarsáide eile duine le duine ann arbh fhéidir le freagróirí leas a bhaint astu: faisnéis a fháil ó chairde agus ó chomharsana nó ó chomhairleoirí. Ba lú seans fós ann go rachadh daoine óga i dteagmháil le comhairleoirí i gcomparáid le baill foirne údaráis áitiúil ach is iad an dream is dóichí go lorgóidís eolas óna gcairde agus óna gcomharsana faoi údaráis áitiúla Ba iad na daoine 65+ an dream is dóichí go rachaidís chun cainte le baill foirne agus comhairleoirí de chuid an údaráis áitiúil ag lorg eolais agus bhí siad cosúil le daoine óga sa mhéid is go mbraitheann siad ar chairde agus ar chomharsana le hiad a chur ar an eolas.




Fíor 10: An dóchúlacht go n-úsáidfear cainéil aghaidh ar aghaidh de réir aoischohóirt 2022

**Foinse faisnéise de réir inscne**
Ba bheag difear a bhí ann idir fhir agus mhá ó thaobh foinsí eolais a roghnú de, cé is moite de Facebook. D'úsáid fiche ceathair faoin gcéad de na mná Facebook le hais 15% d'fhir.

**Foinse faisnéise de réir réigiúin**
I réigiún Bhaile Átha Cliath is ar bhileoga agus póstaeir a bhraith 17% de fhreagróirí, 13% ar nuachtlitreacha na n-údarás áitiúil, 12% ar Twitter, 11% ar nuachtáin náisiúnta, 10% ar shuíomhanna gréasáin eile, 7% ar nuacht raidió náisiúnta, agus 8% ar theilifís, sciar freagróirí is mó ná sna trí réigiún eile.

Ba mhó seans go n-úsáidfeadh freagróirí Bhaile Átha Cliath agus an Chuid eile de Chúige Laighean aipeanna údaráis áitiúil (5%), i gcomparáid leis na réigiúin eile (3%).

Sa chuid eile de Chúige Laighean, ba mhó seans ann go n-úsáidfeadh daoine Facebook i gcomparáid leis na réigiúin eile, agus leas á bhaint as ag 26% de dhaoine i gcomparáid le 19% de fhreagróirí i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht/Uladh agus 14% i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ba é an réigiún ba mhó freisin ina n-úsáideann daoine foláirimh téacs (6%) cé go bhfuil líon na ndaoine a úsáideann iad beagnach mar an gcéanna i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht/Uladh (4%-5%). Sa chuid eile de Chúige Laighean, d'úsáid 5% de na freagróirí Instagram ach ní raibh sé seo ach beagánín níos airde ná na réigiúin eile ina bhfuil rátaí úsáide idir 3% agus 4%.

B'fhearr le freagróirí i gCúige Mumhan cumarsáid aghaidh ar aghaidh mar bhealach chun eolas a fháil. Ba mhó seans go rachaidís chuig cairde agus comharsana (32%), comhairleoirí (19%), agus baill foirne údaráis áitiúil (15%) le hais réigiúin eile, mar a raibh rátaí idir 21%-25%, 12%-16%, agus 7%-12% faoi seach.

I gCúige Chonnacht/Uladh baineadh úsáid níos mó as nuachtáin áitiúla (37%), agus nuacht raidió áitiúil (23%) i gcomparáid le réigiúin eile, go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath mar a raibh líon na ndaoine a bhraith ar an nuachtán áitiúil ag 21% agus ar raidió áitiúil ag 4%.

Tábla 17: Foinse eolais faoi údaráis áitiúla de réir réigiúin 2022

| | | Baile Átha Cliath | An Chuid Eile de Cúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Cúige Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 1,858 | 524 | 504 | 500 | 330 |
| Suíomh gréasáin Údaráis Áitiúil | 47% | 50% | 48% | 42% | 51% |
| Nuachtán Áitiúil | 30% | 21% | 32% | 32% | 37% |
| Cairde agus Comharsana | 25% | 25% | 21% | 32% | 23% |
| Facebook | 19% | 14% | 26% | 19% | 19% |
| Comhairleoirí | 16% | 15% | 16% | 19% | 12% |
| Nuacht ar an Raidió Áitiúil | 15% | 4% | 14% | 21% | 23% |
| Póstaeir/Bileoga srl | 12% | 17% | 11% | 11% | 5% |
| Baill foirne Údaráis Áitiúil | 11% | 7% | 12% | 15% | 10% |
| Suíomhanna gréasáin eile | 9% | 10% | 7% | 10% | 6% |
| Twitter | 7% | 12% | 5% | 5% | 6% |
| Nuachtán Náisiúnta | 7% | 11% | 5% | 5% | 6% |
| Nuachtlitir údaráis áitiúil | 6% | 13% | 5% | 2% | 3% |
| Raidió Náisiúnta | 5% | 7% | 6% | 5% | 3% |
| TV | 5% | 8% | 4% | 4% | 4% |
| Foláirimh téacs | 4% | 2% | 6% | 4% | 5% |
| Aipeanna Údaráis Áitiúil | 4% | 5% | 5% | 3% | 3% |
| Instagram | 4% | 4% | 5% | 3% | 4% |
| LinkedIn | 1% | 1% | 1% | 2% | 0% |
| Eile | 1% | 1% | 1% | 1% | 1% |
| Gan aon cheann acu seo | 11% | 10% | 12% | 9% | 12% |

| *Eochair eolais* | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|


## Meon

Sa mhír tuairime de shuirbhé náisiúnta 2022, cuireadh dhá ráiteas déag i láthair, agus fiafraíodh de fhreagróirí a mhéid a d'aontaigh siad nó nár aontaigh siad leis na ráitis. Meastar go bhfuil léargas sna torthaí faoi mheon an phobail i leith ábhair roghnaithe. Baineadh leas as an dá ráiteas déag chun meon a mheas faoi thrí théama:


- Cumarsáid agus plé le seirbhísí
  - Coimeádann m'údarás áitiúil **ar an eolas mé** faoi cad a bhíonn ar siúl acu
  - Idir fógraí a fheicim agus an plé a mbíonn agam leo, **tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil**
  - Táim sásta leis an gcaoi ina ndéileáiltear le **fiosruithe**
  - Tá sé **chomh héasca lena bhfaca tú riamh** plé le m'údarás áitiúil

- Comhionannas agus rochtain
  - Mar a chéile a chaitheann m'údaráis áitiúla **le gach duine**
  - Táthar tar éis **rochtain** ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú **do dhaoine faoi mhíchumas**
  - Táthar tar éis **rochtain** ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú do **mhionlaigh**
  - Tá m'údarás áitiúil tar éirí **níos aoisbhaúla le 3 bliana anuas** (táscaire nua i gcomhair 2022)

- Feabhsúcháin ar sheirbhísí do chustaiméirí
  - Is mó fonn atá atá ar m'údarás áitiúil **chun friotháil ar chustaiméirí** le 3 bliana anuas
  - D'éirigh m'údarás áitiúil níos nuálaíche le 3 bliana anuas
  - **Tá lámh mhaith á déanamh ag m'údarás áitiúil ar sheirbhísí digiteacha ar líne a sholáthar** (Siar in 2021 b'éard a bhí san fhoclaíocht ná: tá a dhóthain á dhéanamh ag m'údarás áitiúil chun seirbhísí digiteacha a sholáthar.)
  - Tá feabhas tagtha **ar chaighdeán na seirbhísí atá á soláthar** le 3 bliana anuas




Fíor 11: Freagraí ar ráitis tuairime 2022





Fíor 12: Freagraí ar ráitis tuairime 2021



**Cumarsáid agus soláthar seirbhíse**
Tháinig méadú idir 2021 agus 2022 ar líon na ndaoine a bhí ar aon fhocal lena chéile faoi (i) údaráis áitiúla a bheith go maith ag coinneáil daoine ar an eolas, (ii) togha na haithne a bheith acu ar an údarás áitiúil, agus (iii) é a bheith chomh héasca lena bhfaca tú riamh plé leis, ach is lú daoine a bhí ar aon fhocal faoin (iv) gcaoi ina gcaitear le fiosruithe.

In 2021, d'aontaigh 28 faoin gcéad gur choinnigh údaráis áitiúla daoine ar an eolas iad faoina raibh ar siúl ina gceantar féin, ach mhéadaigh sé sin go 30 faoin gcéad in 2022. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú ar chéatadán na bhfreagróirí a d'aontaigh go raibh togha na haithne acu ar a n-údarás áitiúil tar éis an méid fógraí fúthu a bhí feicthe acu agus teagmháil a dhéanamh leo. Tuairiscíodh ocht faoin gcéad déag in 2021 ach mhéadaigh sé seo go 21 faoin gcéad in 2022.

I dtaca le soláthar seirbhíse de, ba ar an ndream a d'aontaigh le hé a bheith chomh héasca lena bhfaca tú riamh plé le húdaráis áitiúla a tháinig an méadú ba mhó. D'aontaigh tríocha trí faoin gcéad de na freagróirí leis an ráiteas seo in 2021 le hais 41% in 2022. Mar sin féin, tháinig laghdú de 5 phointe céatadáin in 2022 le hais 2021 maidir le líon na ndaoine a bhí ar aon fhocal faoi cé chomh sásta agus a bhí siad leis an gcaoi ina gcaitear le fiosruithe, ó 45% go 40%.





Fíor 13: Líon na bhfreagróirí sna ráitis tuairime a fuarthas in 2022 agus in 2021 a bhí ar aon fhocal faoi chumarsáid agus faoi sholáthar seirbhíse

**Comhionannas agus rochtain**

In 2021 bhí go leor daoine ar aon fhocal faoi rochtain níos fearr a bheith ann ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí do dhaoine faoi mhíchumas ach ba léir go raibh laghdú beag tagtha ar líon an dreama sin in 2022. Laghdaigh an céatadán ar aon fhocal faoi seo ó 40% in 2021 go 38% in 2022.

Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú dhá phointe céatadáin ó 31% in 2021 go 29% in 2022 ar líon na ndaoine a bhí ar aon fhocal faoi rochtain níos fearr a bheith ann ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí do mhionlaigh Os a choinne sin, bhí méadú ar líon na ndaoine a d'aontaigh leis an ráiteas go gcaitheann údaráis áitiúla go cóir cothrom le daoine, an líon sin méadaithe ó 35% in 2021 go 37% in 2022.

D'aontaigh tríocha dó faoin gcéad de na freagróirí in 2022 go raibh údaráis áitiúla éirithe níos aoisbháúla le trí bliana anuas.




Fíor 14: Líon na bhfreagróirí sna ráitis tuairime a fuarthas in 2022 agus in 2021 a bhí ar aon fhocal faoi chomhionannas agus faoi rochtain


**Feabhsuithe ar sheirbhís do chustaiméirí**

I measc na ráiteas go léir bhí méaduithe le sonrú in 2022 ar líon na ndaoine a bhí ar aon intinn faoin téama seo le hais 2021. Is sa mhír seo a taifeadadh an líon is mó daoine a bhí ar aon fhocal lena chéile in 2022.

D'aontaigh caoga a hocht faoin gcéad de na freagróirí go raibh lámh mhaith á déanamh ag údaráis áitiúla ar sheirbhísí digiteacha a sholáthar. B'ionann é seo agus méadú de 26 pointe céatadáin le hais 2021. Tháinig athrú ar fhoclaíocht an ráitis, áfach, agus b'fhéidir gurbh é seo ba chúis go pointe áirithe leis an méadú mór a tháinig ar líon na ndaoine a bhí ar aon fhocal lena chéile. Díríodh aird in 2022 ar cé acu atá nó nach bhfuil lámh mhaith á déanamh ag na húdaráis áitiúla ar sheirbhísí digiteacha a sholáthar fad is a dhírigh an ráiteas in 2021 ar cé acu a bhí nó nach raibh a ndóthain á dhéanamh ag údaráis áitiúla ina leith seo.

D'aontaigh caoga faoin gcéad de na freagróirí in 2022 go raibh údaráis áitiúla éirithe níos nuálaí le 3 bliana anuas. In 2021, d'aontaigh 37 faoin gcéad de na freagróirí go raibh údaráis áitiúla éirithe níos nuálaí i gcaitheamh tréimhse cúig bliana. Cé nach ionann an t-achar ama, gach seans go bhfuil na torthaí inchomórtais lena chéile agus nach iad an phríomhchúis leis an méadú a taifeadadh.

Tháinig méadú dhá phointe déag faoin gcéad ó 28% in 2021 go 40% in 2022 ar líon na ndaoine a d'aontaigh gur mó fonn a bhí ar na húdaráis áitiúla friothálaí ar chustaiméirí. Tháinig méadú beag ach tábhachtach, leis, ó 32% in 2021 go 33% in 2022, maidir le feabhsuithe ar sholáthar seirbhísí le trí bliana anuas




Fíor 15: Líon na ráiteas a bhí ar aon fhocal faoi sheirbhís do chustaiméirí níos fearr a bheith ann in 2022 agus in 2021

## Téama Speisialta: Cumarsáid agus Teagmháil

Ba é an téama speisialta a cíoradh sa suirbhé náisiúnta in 2022 ná cumarsáid agus plé leis an bpobal. Cuireadh trí cheist sa mhír seo. Leis an gcead cheist bhíothas ag iarraidh an scéal a chíoradh maidir le conas a fhaigheann daoine an scéala is déanaí faoina n-údarás áitiúil: ar na meáin shóisialta nó ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil? Fiafraíodh de na freagróirí ansin cén t-eolas go mba mhaith leo a fháil ó údaráis áitiúla agus cé acu a bhí nó nach raibh sé ar intinn acu clárú le seirbhísí éagsúla.

### Úsáid na meán sóisialta agus na suíomhanna gréasáin

Lean fiche trí faoin gcéad de na freagróirí a n-údarás áitiúil ar na meáin shóisialta, ach bhí claonadh níos mó i measc na mban a n-údarás áitiúil a leanúint go gníomhach (25%) seachas i measc na bhfear nár lean ach 20% díobh é. Ba é an aoisghrúpa 35-54 bliana d'aois (31%) ba mhó seans go raibh a n-údarás áitiúil á leanúint acu agus ba iad an aoisghrúpa 55+ (14%) an dream ba lú seans déanamh amhlaidh.

Thug seasca faoin gcéad de na freagróirí cuairt ar shuíomh gréasáin a n-údaráis áitiúil. Ní raibh an oiread sin daoine san aoisghrúpa idir 18 agus 34 (47%) a raibh an nós seo acu fad is ba nós le 66% de na catagóirí aoise eile cuairt ar shuíomhanna ghréasáin údaráis áitiúil.

### Faisnéis a theastaíonn ón bpobal ó údaráis áitiúla

Fiafraíodh de na freagróirí ar mhór acu na catagóirí eolais seo a leanas:

- Eolas faoi sheirbhísí (m.sh., uaireanta gnó, conas íocaíochtaí a dhéanamh, iarratas a dhéanamh ar dheontais, cá bhfuil oifigí áitiúla, srl.).
- Eolas faoi cad atá beartaithe don cheantar (m.sh., babhtaí dul i gcomhairle, imeachtaí, an fhreagairt ar eachtraí adhaimsire tromchúiseacha,
- Eolas faoi chruinnithe agus faoi chinntí comhairle.
- Eolas faoin gcaoi ina bhfeidhmíonn an chomhairle.

Léiríodh an spéis ba mhó i scéala a fháil faoina raibh ar siúl go háitiúil (79%) agus eolas faoi conas teacht ar sheirbhísí (77%). Ba lú beagánín an spéis a léiríodh in eolas a fháil a thugann léargas an gcaoi ina bhfeidhmíonn údaráis áitiúla (58%) nó in eolas faoi chruinnithe comhairle nó faoi na cinntí a dhéantar ag cruinnithe na comhairle (53%).

Tábla 18: Eolas go mba mhaith leis an bpobal a fháil ó údaráis áitiúla 2022

| Cad atá ar siúl ag an ÚÁ sa cheantar | Eolas faoi Sheirbhísí | An chaoi ina bh-feidhmíonn an ÚÁ | Cruinnithe na Comhairle |
|---|---|---|---|
| 79% | 77% | 58% | 53% |

**Seirbhísí cumarsáide roghnaithe**

Fiafraíodh de na freagróirí ar spéis leo clárú le haghaidh foláirimh ríomhphoist, nuachtlitreacha ríomhphoist nó podchraoltaí Dúirt breis agus leath díobh go gcláródh siad le haghaidh foláirimh ríomhphoist agus dúirt 45% díobh go gcláróidís le nuachtlitir ríomhphoist. Ba lú spéise a léiríodh i bpodchraoltaí, agus gan ach spéis ag 20% d'fhreagróirí iontu.

## Tuilleadh Léargas

Cíoradh na sonraí a fuarthas in 2022 le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- An ionann na freagraí a thug úsáideoirí seirbhíse ar na ráitis tuairime agus na freagraí a thug an dream nár nós leo na seirbhísí sin a úsáid?
- An léir go raibh 'braistint chómhuintearais' nó 'líon na mblianta a bhí caite ina gcónaí sa ceantar' imithe i bhfeidhm ar an meon a bhí ag rannpháirtithe i leith údaráis áitiúla?

**Meon úsáideoirí seirbhísí vs iad siúd nach n-úsáideann seirbhísí**

Ar na 1,858 duine a ghlac páirt sa suirbhé, ba úsáideoirí seirbhíse 95% acu (líon=1,772) agus ní nós leis an 5% eile seirbhísí a úsáid (líon=86). Ba léir ó athbhreithniú a rinneadh ar fhreagraí an dá ghrúpa gur lú seans (idir 34 agus 9 bpointe céatadáin) go n-aontódh daoine nár bhain úsáid as seirbhísí le dhá mhí dhéag anuas le haon cheann de na ráitis tuairime. Bhí meon níos dearfaí ag úsáideoirí seirbhíse i leith údaráis áitiúla ná iad siúd nár bhain úsáid as seirbhísí, rud nach ionadh nuair a bhí caoi níos fearr ag an gcéad dream tuairim chruinn a thabhairt ar a leithéid.

Tábla 19: Seirbhísí cumarsáide ab fhearr le daoine in 2022

| Foláirimh ríomhphoist | Nuachtlitreach ríomhphoist | Podchraoltaí |
|---|---|---|
| 53% | 45% | 20% |

Tábla 20: Meon úsáideoirí seirbhísí i gcomparáid le daoine nár úsáid seirbhísí 2022

| A d'Aontaigh leis an Tuairim a Cuireadh Faoin mBráid | Úsáideoirí seirbhísí (líon=1,772) | Daoine nár bhain úsáid as seirbhísí (líon=86) | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí ar líne maithe | 59% | 25% | -34% |
| Fonn níos mó orthu friotháil ar chustaiméirí | 41% | 10% | -31% |
| Níos nuálaí | 52% | 22% | -30% |
| Rochtain níos fearr ann – daoine faoi mhíchumas | 39% | 11% | -28% |
| Éasca plé leo | 42% | 15% | -27% |
| Seirbhísí níos fearr ann | 34% | 12% | -22% |
| Coimeádann sé ar an eolas mé | 31% | 12% | -19% |
| Níos aoisbháúla | 33% | 15% | -18% |
| Caitheann an ÚÁ go cóir cothrom le cách | 37% | 20% | -17% |
| Rochtain níos fearr ann do mhionlaigh | 30% | 13% | -17% |
| Togha na haithne agam ar ÚÁ | 22% | 10% | -12% |
| Sásta - an chaoi ina gcaitear le fiosruithe | 40% | 31% | -9% |

**An tionchar atá ag braistint chómhuintearais agus ag an líon blianta de chónaí ar cheantar ar scóir mheoin**

In 2022, fiafraíodh de rannpháirtithe an tsuirbhé an raibh dáimh acu lena gceantar áitiúil agus cén fhad a raibh cónaí orthu sa cheantar. Tá sé le tuiscint ó na sonraí go ndeachaigh na cúinsí seo i bhfeidhm go mór ar thuairimí na bhfreagróirí faoi sholáthar seirbhísí údaráis áitiúil.

- Dáimh leis an gceantar áitiúil

Aon duine a dúirt go raibh dáimh acu lena gceantar áitiúil, scóráil siad idir 6 agus 8 bpointe céatadáin sna ceisteanna tuairime go léir, níos mó ná an t-iomlán a fuair na freagróirí go léir, rud a léiríonn dearcadh níos dearfaí i leith údaráis áitiúla. Is mór idir seo agus iad siúd nach raibh dáimh acu lena gceantar áitiúil. Ba lú seas go n-aontódh an dream seo le haon cheann de na ceisteanna tuairime. Maidir leis an réimse inar easaontaigh an líon is lú daoine bá sholáthar seirbhís ar líne é, réimse nár aontaigh ach 29% de na freagróirí leis seo, i gcomparáid le 64% de dhaoine a bhraitheann gurbh é an áit ina bhfuil cónaí orthu an áit is dual dóibh.

Tábla 21: Comhaontú meoin agus an bhraistint gurb é do cheantar áitiúil an áit is dual duit 2022

| A d'Aontaigh leis an Tuairim a Cuireadh Faoin mBráid | "Strong" Braistint chómhuin-tearais leis an gCeantar ÚÁ | Líon na ndaoine a raibh an meon seo acu | "Ní Bhraithim Mórán Dáimhe" Braistint chómhu-intearais leis an gCeantar ÚÁ |
|---|---|---|---|
| N= | 898 | 1,858 | 108 |
| Seirbhísí ar líne maithe | 64% | 58% | 29% |
| Níos nuálaí | 58% | 50% | 24% |
| Éasca plé leo | 48% | 41% | 30% |
| Sásta - an chaoi ina gcaitear le fiosruithe | 47% | 40% | 20% |
| Fonn níos mó orthu friotháil ar chustaiméirí | 47% | 40% | 13% |
| Rochtain níos fearr ann – daoine faoi mhíchumas | 46% | 38% | 14% |
| Caitheann an ÚÁ go cóir cothrom le cách | 44% | 37% | 15% |
| Seirbhísí níos fearr ann | 41% | 33% | 10% |
| Níos aoisbháúla | 38% | 32% | 12% |
| Coimeádann sé ar an eolas mé | 36% | 30% | 10% |
| Rochtain níos fearr ann do mhionlaigh | 36% | 29% | 13% |
| Togha na haithne agam ar ÚÁ | 27% | 21% | 5% |

- Blianta caite i gcónaí sa cheantar áitiúil

Nuair a cuireadh méid na mblianta a bhí caite ag duine ina c(h)ónaí i gceantar i gcomparáid le cé chomh mór agus a bhraith sé/sí dáimh leis an gceantar áitiúil, ba é an rud a tháinig chun solais ná go raibh ná daoine a bhraith gur mhór an dáimh a bhí acu lena gceantar áitiúil ina gcónaí ann le breis agus 20 bliain i leath de na cásanna agus idir 6 agus 10 mbliana sa chuid eile de na cásanna. Gach duine nár bhraith dáimh rómhór lena gceantar áitiúil ní raibh cónaí orthu ann ach le cúig bliana anuas nó níos lú ná sin.

Ní chuirfeadh sé iontas ort má bhí baint idir cónaí a bheith ar dhuine i gceantar le breis agus 20 bliain nó a bhí go láidir den tuairim gurbh in an áit is dual dóibh agus iadsan a d'aontaigh go láidir leis na ráitis tuairime.

É sin ráite, tháinig méid na dteagmhas a bhain d'iadsan a raibh cónaí orthu sa cheantar le 6-10 mbliana aniar aduaidh orainn beagánín. Fós féin, is léir ó thaighde a rinneadh ag LIFAR [ Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach] 7 gur trína bpáistí ag glacadh páirt i spóirt agus i gclubanna eile a imeascann daoine i bpobail den chuid is mó (LIFAR, ar na bacáin, Agus é seo amhlaidh, féadtar braistint chómhuintearais a chothú i ndaoine nuair a bhíonn clann acu agus nuair a thosaíonn na páistí sin ag dul ar scoil nó ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí áitiúla. Seans gurb í an tréith choiteann seo is cúis leis an toradh a fuarthas sna sonraí.

Maidir leis an dream a raibh na léibhéil is ísle comhaontaithe acu le ceisteanna tuairime, gach duine díobh ní raibh siad ag cur fúthu sa cheantar ina raibh cónaí orthu ach le 5 bliana anuas nó níos lú ná sin.

Tábla 22: Méid blianta ina raibh siad ina gcónaí sa cheantar áitiúil agus iad ar aon fhocal leis na ráitis tuairime 2022

| Meon | Méid Blianta ina C(h)ónaí sa Cheantar | An Leibhéal is Mó Comhaontaithe De Réir Líon na mBlianta ina C(h) ónaí sa Cheantar | D'aontaigh leis an Ráiteas - Náisiúnta | An Leibhéal is Lú Comhaontaithe De Réir Líon na mBlianta ina C(h) ónaí sa Cheantar | Méid Blianta ina C(h) ónaí sa Cheantar |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí ar líne maithe | **20 bliana +** | 65% | 58% | 45% | 2-5 bliana + |
| Níos nuálaí | **20 bliana +** | 55% | 50% | 32% | 2-5 bliana + |
| Éasca plé leo | **20 bliana +** | 46% | 41% | 18% | > 2 bhliain |
| Sásta - leis an gcaoi ina gcaitear le fiosruithe | **6-10 mbliana** | 48% | 40% | 30% | > 2 bhliain |
| Fonn níos mó orthu friothóil ar chustaiméirí | **20 bliana +** | 44% | 40% | 28% | > 2 bhliain |
| Rochtain níos fear ann - do dhaoine le míchumas | **11-20 bliain** | 42% | 38% | 26% | 2-5 bliana + |
| ÚÁ cóir cothrom | **6-10 mbliana** | 42% | 37% | 28% | > 2 bhliain |
| Seirbhísí feabhsaithe | **6-10 mbliana** | 37% | 33% | 23% | 2-5 bliana + |
| Níos aoisbháúla | **20 bliana +** | 36% | 32% | 22% | > 2 bhliain |
| Coimeádann siad ar an eolas mé | **6-10 mbliana** | 37% | 30% | 22% | 2-5 bliana + |
| Rochtain níos fearr ann - do mhionlaigh | **20 bliana +** | 32% | 29% | 23% | 2-5 bliana + |
| Togha na haithne agam ar ÚÁ | **6-10 mbliana** | 30% | 21% | 15% | 2-5 bliana + |

[7] Tá an tionscadal taighde InPlace comhchistithe ag GBRÁ agus críochnófar é i R4 2023.

## Fócasghrúpaí 2022

Ba léir ó thorthaí suirbhé 2021 agus 2022 gur gá d'údaráis áitiúla feabhas a chur ar a gcuid cumarsáide agus ar an gcaoi ina ndéanann siad plé leis an bpobal. Is léir ó na torthaí nach bhfuil custaiméirí den tuairim go gcoimeádtar an eolas iad faoi cad atá ar siúl ag údaráis áitiúla ina gceantar áitiúil agus is beag cur amach nó gan ach cur amach measartha ag daoine faoi neart seirbhísí tabhachtacha. Le tuiscint níos fearr a fháil ar conas a d'fhéadfaí dul i ngleic leis an tsaincheist seo, reáchtáladh sé fhócasghrúpa chun an t-ábhar seo a chíoradh go mion.

Chuathas i mbun cainte le hAonad Cumarsáide GBRÁ chun cuspóirí an fhócasghrúpa agus sruth na gceisteanna do na sé fhócasghrúpa 'cumarsáide agus plé' a chomhaontú. Comhaontaíodh go ndéanfaí tuairimí na rannpháirtithe na rannpháirtithe a chíoradh i dtaobh gníomhaíochtaí cumarsáide agus plé na n-údarás áitiúil mar atá siad faoi láthair, an cineál eolais go mba mhaith leo a fháil ó údaráis áitiúla agus na cainéil is fearr le daoine le heolas a fháil ó údaráis áitiúla.

Réimse eile a rinne an dá fhócasghrúpa a chíoradh ná cé acu an dóigh le daoine nó nach dóigh leo go mbaineann údaráis áitiúla leas fónta as an airgead a fhaigheann siad. Nuair a choimisiúnaigh CNMI [Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta] Suirbhé um Shástacht leis na hÚdaráis Áitiúla 2018-2020, ba é ceann de na ceisteanna a chuir siad ná cé acu an bhfaightear nó nach bhfaightear luach ar airgead ó údaráis áitiúla. D'aontaigh 28 faoin gcéad de na freagróirí go bhfaightear luach maith ar airgead uathu.

Cuireadh le raon feidhme cuspóirí an fhócasghrúpa chun ceist níos bunúsaí a chíoradh freisin faoin gcineál eolais a bheadh de dhíth ar rannpháirtithe má bhí siad chun tuairim eolasach a fhorbairt i dtaobh cé acu an bhfaightear nó nach bhfaightear luach ar airgead ó údaráis áitiúla.

Rinneadh gach fócasghrúpa a thaifeadadh agus a thrascríobh, agus baineadh leas as MAXQDA chun anailís a dhéanamh ar a gcuid tuairimí. (Bogearraí anailíse sonraí cáilíochtúla is ea MAXQDA a chabhraigh leis an aiseolas a chódú agus le hanailís a dhéanamh air). Le daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann, tugadh dearbhán One4All arbh fhiú €25 do gach rannpháirtí tar éis an fhócasghrúpa, agus baineadh leas as Zoom[8] chun na fócasghrúpaí go léir a reáchtáil ar líne.

### Rannpháirtithe fócasghrúpaí

Tarraingíodh rannpháirtithe ó na ceithre réigiún, Baile Átha Cliath, Cúige Mumhan, Cúige Chonnacht/Uladh, agus an Chuid eile de Chúige Laighean, agus ina measc bhí meascán de dhaoine a bhain le húdaráis áitiúla uirbeacha agus tuaithe araon. Ina theannta sin, dhírigh dhá cheann de na fócasghrúpaí ar dhaoine scothaosta agus dhírigh ceann amháin ar phobail nua, mar gur shainaithin CNMI iad seo mar ghrúpaí a bhféadfadh riachtanais ar leith acu le linn cumarsáid agus plé a dhéanamh leo. Tionóladh na fócasghrúpaí idir an 12 Mí na Nollag 2022, agus an 1 Feabhra, 2023. Ghlac 62 duine páirt sna fócasghrúpaí san iomlán, 45 bean agus 17 bhfear ina measc.

Tábla 23: Briseadh síos na bhfócasghrúpaí de réir áite agus spriocghrúpa 2022

| Réigiún | Uirbeach | Faoin Tuath | Spriocghrúpaí | Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath:** | Baile Átha Cliath: | | | 9 |
| **Cúige Mumhan** | Cathair Chorcaí | | An Pobal i gCoitinne | 8 |
| **Connacht/Uladh** | | Maigh Eo | An Pobal i gCoitinne | 8 |
| **Cúige Mumhan** | | Ciarraí | Daoine Scothaosta | 8 |
| **Connacht/Uladh** | Cathair na Gaillimhe | Contae na Gaillimhe | Daoine Scothaosta | 9 |
| **An Chuid eile de Chúige Laighean** | Port Láirge, Baile Átha Cliath | Port Láirge | Pobail Nua | 8 |

[8] Bhí na fócasghrúpaí le daoine scothaosta agus le pobail nua le bheith ar siúl i bpearsa ach toisc go raibh Covid-19 ag scaipeadh agus víris riospráide á dtuairisciú ag an am, athraíodh na seisiúin seo go fócasghrúpaí ar líne chun sláinte na rannpháirtithe a chosaint.

Bhí breis agus an ceathrú cuid de lucht freastail an fhócasghrúpa Cumarsáide agus Plé os cionn 65, agus bhí ceathrú eile beagnach faoi bhun 35, rud a d'fhág go raibh leath na ndaoine a d'fhreastail idir 35 agus 64 bliain d'aois. Ní hionann próifíl aoise na ndaoine a d'fhreastail ar na fócasghrúpaí Luach ar Airgead agus 17% acu faoi bhun 35 bliain d'aois agus gan aon duine a d'fhreastail os cionn 65. Dá bhrí sin, bhí 93% den lucht freastail idir 35 agus 64 bliain d'aois.

Ba le cúnamh ó na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP) agus ó sheirbhísí poiblíochta meán sóisialta na n-údarás áitiúil a rinneadh rannpháirtithe a earcú le haghaidh na dtrí fhócasghrúpa ginearálta. Agus iarracht ar bun chun díriú isteach ar dhaoine scothaosta, baineadh úsáid as na cainéil chéanna chomh maith le dul i mbun cainte le Comhordaitheoirí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta i gComhairle Contae Chiarraí agus i gComhairle Contae na Gaillimhe agus le heagraíochtaí a oibríonn le daoine scothaosta. I gCiarraí, ba den ríthábhacht é atreoruithe ó rannpháirtithe cláraithe lena chinntiú gur chláraigh a dhóthain daoine. Chun rannpháirtithe a fháil don fhócasghrúpa ina mbeadh pobail nua á bplé, chuathas i dteagmháil le grúpaí i Loch Garman, i bPort Láirge agus i mBaile Átha Cliath Theas chomh maith leis na LRPanna, ach níor thapaigh duine ar bith i Loch Garman an deis.

Ní mar a chéile an t-earcú a rinneadh le haghaidh an dá fhócasghrúpa 'luach ar airgead' agus le haghaidh na bhfócasghrúpaí 'cumarsáid agus plé'. I Longfort, rinneadh iarracht díriú isteach orthu siúd atá ag obair san earnáil phobail agus san earnáil dheonach sa cheantar. Bhí na rannpháirtithe seo cleachta ar phlé a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus a bheith ag déanamh stocaireachta ar son grúpaí pobail agus lucht cónaithe. Maidir leis na daoine a ghlac páirt i réigiún Bhaile Átha Cliath, ba trí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus trí bhíthin fiontair agus cláir fiontraíochta éagsúla a earcaíodh iad. Bhí na rannpháirtithe ainchleachta ar a bheith ag plé le húdaráis áitiúla agus ba lú eolais a bhí acu ar ról na n-údarás áitiúil i gcoitinne.

## Torthaí fócasghrúpaí: cumarsáid agus teagmháil

Faoi choinne na bhfócasghrúpaí, sainmhíníodh **cumarsáid** mar phróiseas 'aontreo' ina gcuireann údaráis áitiúla eolas ar fáil don phobal, agus sainmhíníodh **plé** mar phróiseas 'dhá threo' arb éard atá ann malartú eolais idir an t-údarás áitiúil agus an pobal. Cuireadh na fócasghrúpaí le chéile le plé a dhéanamh ar na tuairimí a bhí coitianta faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide na n-údarás áitiúil atá ann cheana agus faoin gcaoi ina dtéann siad i mbun plé, an cineál eolais go mba mhaith le daoine a fháil ó údaráis áitiúla, agus na bealaí cumarsáide agus plé is fearr le daoine.

## Tuairimí faoi chumarsáid agus plé na n-údarás áitiúil

Several themes emerged during discussions relating to participants' experience of their local authorities' communication and engagement activities, including:

Tábla 24: Meascán na rannpháirtithe san fhócasghrúpa a dhírigh ar luach ar airgead 2022

| Réigiún | Uirbeach | Faoin Tuath | Spriocghrúpaí | Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **Rest of Leinster** | | Longfort | Fiontraíocht & Oideachas | 7 |
| **Baile Átha Cliath** | Baile Átha Cliath | | Pobal & an Earnáil Dheonach | 5 |

- **Leas neamhéifeachtach a bhaint as na meáin shóisialta:** Dúirt fiche faoin gcéad de rannpháirtithe gur bhain siad leas as na meáin shóisialta. Bhí sé le tuiscint ó fhormhór na dtuairimí, áfach, nár nós dár n-údarás áitiúil leas éifeachtach a bhaint as an gcainéal seo chun dul i gcion orthu. An tátal ba mhó le baint as a gcuid aiseolais, áfach, ná gur ghnách leo na meáin shóisialta a úsáid mar bhealach aontreo chun teachtaireachtaí a chur os comhair an phobail, seachas mar mhodh plé siar agus aniar (is é sin, cumarsáid dhá threo). Ba mhinic moill ar fhreagra ón údarás áitiúil agus uaireanta níor thug siad freagra ar bith.
- Tarraingíodh anuas arís agus arís eile sna fócasghrúpaí an **easpa a bhí ann de bhealaí soiléire chun plé a dhéanamh,** i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon. Cheap daoine nach éasca an rud plé leo. Dúirt neart daoine nach raibh sé follasach cé a bhí freagrach as cad é, cé leis ar cheart ábhar áirithe a chur faoina b(h)ráid agus conas dul i dteagmháil leo.
- Bhí meon diúltach ag baint le leath de na tuairimí (52%), agus cur síos á ndéanamh acu ar údaráis áitiúla a bheith **frithghníomhach seachas réamhghníomhach sa chaoi ina ndeachaigh siad i ngleic le rudaí.** Mar sin féin, i gcás an cheathrú cuid de na tuairimí bhí claonadh iontu a bheith dearfach (25%), agus samplaí á lua acu de chásanna ina ndearnadh rudaí i gceart.
- Ba nós le muintir Bhaile Átha Cliath a bheith níos dearfaí **faoin dtaithí a bhí acu ar a bheith ag plé (38%), agus an chuid eile de Chúige Laighean agus na Gaillimhe ina dhiaidh sin.** Ní raibh an oiread sin rudaí dearfacha le rá ag lucht Chathair Chorcaí[9] agus Mhaigh Eo (6% faoi seach).
- Maidir le cé chomh sásta agus a bhí daoine le cumarsáid agus plé ar an iomlán, dúirt 74% de dhaoine go bhféadfaí cúrsaí a fheabhsú sa réimse seo.
- Cuireadh le frustrachas daoine nuair ba dheacair dóibh nascleanúint a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil. Ba mhinic nár thuig siad na ceannteidil ar an suíomh gréasáin, agus cé na ranna a bhí freagrach as cad iad. Bhain cuid mhaith den mhíshástacht nó den mhíshuaimhneas le cumarsáid a rinneadh go míthráthúil, bealaí cumarsáide míchuí agus an tuairim nach féidir brath ar shonraí atá le fáil ar líne.
- Ní raibh a fhios ag go leor daoine i ndáiríre cén eolas a theastaigh uathu a fháil óna n-údarás áitiúil agus níor dhóigh leo go raibh siad sách eolach ar cad a bhí na húdaráis áitiúla freagrach as chun cad a bhí uathu a dhéanamh amach.

**An cineál eolais atá de dhíth**

Rinne rannpháirtithe an fhócasghrúpa idirdhealú idir na cineálacha eolais a bhí uathu óna n-údaráis áitiúla (i) práinneach nó
(ii) gan phráinn a bheith ag baint leis agus is inspéise dóibh mar sin féin.

**(i) Faisnéis phráinneach** a bhaineann le himeachtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar a ngnáth-iompraíocht.


Mar shampla, dúirt dhá thrian de na rannpháirtithe gur mhaith leo eolas cothrom le dáta faoi oibreacha bóthair, rabhaidh aimsire, bristeacha uisce agus go mba mhaith leo an t-eolas seo a fháil a luaithe agus is féidir. Luadh caighdeán an uisce, leis, i bhfianaise líon na ndaoine atá ag gabháil do shnámh amuigh faoin aer.

[9] Ba do dhaoine ina gcónaí nó ag obair sa chathair a cuireadh fócasghrúpa Chorcaí ar bun, i measc an 8 a d'fhreastail bhí 6 díobh ina gcónaí sa chathair, d'oibrigh 1 duine amháin sa chontae. Bhí an bheirt eile ina gcónaí sa chontae ach d'oibrigh siad sa chathair.


**(ii)** Is éard is **faisnéis neamhphráinneach** ann ná faisnéis a d'fhéadfadh cur lena saolta nó luach a chur air nó a chuirfeadh ar a gcumas a bheith rannpháirteach in ábhair spéise nó imní.

Léiríodh spéis ar leith in eolas a fháil faoi cad a bhí ar siúl go háitiúil (m.sh., imeachtaí agus tionscnaimh), chomh maith le sceidil seirbhíse, agus uaireanta oscailte saoráidí atá á mbainistiú ag an gComhairle (amhail ionaid fóillíochta, áiseanna athchúrsála agus mar sin de). Léiríodh roinnt suime i saincheisteanna áitiúla bainteach le pleanáil agus forbairtí tithíochta, go háirithe iad siúd a bhí leas á mbaint acu as foláirimh údaráis áitiúil le hiad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíocht áitiúil. Ba lú daoine a raibh spéis acu in eolas faoi na rudaí a bhí idir lámha ag údaráis áitiúla, ach bhí spéis acu i dtuiscint a fháil ar cad iad na seirbhísí a soláthraíodh go díreach agus a cuireadh ar conradh, mar shampla, 35% bailiúcháin na n-araidí agus oibreacha bóthair. Leag daoine béim ar an ngá a bhí le heolas cothrom le dáta a thabhairt.

**Bealaí plé is fearr**
I measc na rannpháirtithe, ba é ríomhphost an modh plé is fearr le daoine (52%), toisc gurb éasca taifead a choinneáil ar na cúrsaí a pléadh leis. Tháinig na meáin shóisialta sa dara háit ag 33% ach ní hé an bealach is ansa le daoine scothaosta ná le pobail nua. B'fhearr le daoine scothaosta labhairt ar an nguthán, nó an ríomhphost, agus is é an dála céanna é ag pobail nua, claonadh níos mó ag an dream seo ná daoine eile dul i dteagmháil le comhairleoirí. Chuir pobail nua in iúl freisin gur mhian leo a bheith in ann teagmháil i bpearsa a dhéanamh leis an bhfoireann (11%). Luaigh daoine scothaosta leabharlanna mar fhoinse eolais freisin (7%).



Fíor 16: Cineál eolais go mba mhaith leis an pobal a fháil - fócasghrúpa 2022



Fíor 17: An bealach teagmhála ab fhearr leis an spriocghrúpa - fócasghrúpa 2022

Tríd is tríd, bhí trí cheathrú de na rannpháirtithe den tuairim go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcaoi ina ndéantar cumarsáid agus plé leis an bpobal. É sin ráite, titeann an ráta sin go beagán le cois trian de phobal i mBaile Átha Cliath a bhí den tuairim go bhféadfaí cúrsaí a fheabhsú sa réimse seo. Bhí leath de na freagróirí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath sásta go ginearálta leis an gcaoi a raibh an t-údarás áitiúil i mbun cumarsáide leis an bpobal. Ba léir ón aiseolas  a fuarthas gurbh amhlaidh a bhí toisc nach raibh daoine ar aon intinn faoi mhéid agus faoi na cineálacha eolais atá údaráis áitiúla in ann nó ar cheart dóibh a thabhairt. Bhí daoine ag súil le mórán i gceantair lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath agus rannpháirtithe sna bólaí sin den tuairim gur cheart d'údaráis áitiúla gach duine den phobal a choinneáil ar an eolas faoi gach gníomhaíocht atá ar siúl go háitiúil.

**Torthaí an fhócasghrúpa: luach ar airgead**
Iarradh ar rannpháirtithe a n-údarás áitiúil a scóráil i dtaca le luach ar airgead de ar scála 1 go 10, ar an dtuiscint gurb ionann 1 agus lag agus gurb ionann 10 agus ar fheabhas. Iarradh orthu ansin na tosca a phlé a chuir ina luí orthu an scór sin a bhronnadh, sular taispeánadh cur i láthair dóibh ar ullmhaigh an GBRÁ é, inar leagadh amach príomhstaitisticí, faisnéis bhuiséadach, agus eolas faoi líon na mball foirne agus na seirbhísí atá ar fáil.

Tar éis an chur i láthair, dhírigh an plé ar dhéanamh amach an é seo an cineál eolais a fhónfadh do bhonn eolais a chur faoi dhéanamh cinntí faoi luach ar airgead, agus mura bhfónfadh, cén cineál eolais a bheadh cabhrach chuige seo. Mar chlabhsúr ar an seisiún iarradh ar na rannpháirtithe rátáil a dhéanamh ar údaráis áitiúla athuair más rud é go rabhadar ar mhalairt aigne de thairbhe an eolais a cuireadh ar fáil dóibh.

Agus daoine páirteach ann ó chúlra gnó agus oideachais nach gnách leo a bheith i dteagmháil le húdaráis áitiúla, bhronn an fócasghrúpa i réigiún Bhaile Átha Cliath, scór 6/10 ar údaráis áitiúla roimh an gcur i láthair, scór a mhéadaigh go 6.57/10 tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar réimse na hoibre a bhí na húdaráis áitiúla freagrach aisti. Dúirt siad go raibh siad ábhairín níos mó ar an eolas tar éis an cur i láthair a fheiceáil ach cheap siad go mbainfidís tairbhe níos mó as dá mba rud é go raibh níos mó eolais faoi thionchar na seirbhísí ar dhaoine ann.

Agus daoine páirteach ann ón earnáil phobail agus ón earnáil dheonach a raibh taithí acu ar a dtuairimí a roinnt le lucht déanta beartas, bhronn an fócasghrúpa i Longfort 2.33/10 ar údaráis áitiúla roimh an cur i láthair a fheiceáil. Tar éis an cur i láthair a fheiceáil, níor tháinig aon athrú ar na scóir, cé is moite de rannpháirtí amháin a bhain marc amháin dá scór. Tríd is tríd, bhraith siad nach aon chabhair iad staitisticí agus faisnéis chainníochtúil chun teacht ar thuairim faoi luach ar airgead. Ba dhóigh leo freisin gur cheart d'údaráis áitiúla breis eolais a chur ar fáil le daoine a choinneáil ar an eolas faoi phróisis agus faoi thorthaí le cur ar chumas daoine dul chun cinn na n-údarás áitiúil a mheas an t-am ar fad.

Is mór idir na tuairimí trí chéile sa dá fhócasghrúpa agus seans go raibh baint aige go pointe áirithe le daoine lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath a bheith ag súil le níos mó níos ó na húdaráis áitiúla maidir le méid na cumarsáide ar cheart dóibh a dhéanamh leis an bpobal. Seans gur tosca eile ba bhun leis seo eile ná taithí na rannpháirtithe roimhe seo agus an cúlra as ar tháinig siad. I Longfort, bhí seantaithí ag na hionadaithe pobail agus ón earnáil dheonach ar stocaireacht a dhéanamh chun acmhainní a fháil agus bhí níos mó taithí acu ar sheirbhísí a cháineadh mar sin. D'aontaigh an dá ghrúpa, áfach, go raibh buntáiste áirithe ag baint le sonraí cainníochtúla nó staitistiúla a sholáthar agus dúirt siad go mbeadh níos mó spéise acu i sonraí measúnachta tionchair agus samplaí léirithe de thionchar dá mbeidís i mbun téama an luacha a mheas.
ar airgead.

# Conclúidí

Is í seo an dara tuarascáil um sheirbhís do chustaiméirí a d'fhoilsigh an GBRÁ thar ceann an Choiste Corparáidigh CBCC. Rud suntasach a cuireadh leis an suirbhé in 2022 ná bailiúchán eolais maidir leis an bhfad a bhí cónaí ar fhreagróirí ina n-áit áitiúil agus ar bhraith siad mar chuid de phobal na háite. Nochtaigh an anailís seo go bhfuil an dealramh ann go bhfuil siad ina n-eochairathróga a mbíonn tionchar acu ar na dearcthaí atá ag daoine faoi sholáthar sheirbhís an údaráis áitiúil. Dá mhéad a bhraitheann daoine mór lena gceantar, is dearfaí a mbíonn an meon acu dó. Dhealródh sé go mbeadh an ceangal le háit ar aon dul le cónaitheacht breis is 20 bliain nó idir 6-10 mbliana, am a bhíonn clann ag cónaitheoirí iomadúla lena bhfuil nasc acu leis an gceantar tríd an scoil agus trí bhallraíocht a ghlacadh i gclubanna áitiúla. Nochtaigh na sonraí freisin go raibh dearcadh ní ba dhearfaí i leith an údaráis áitiúil ag daoine a bhí ag baint úsáid as seirbhísí an údaráis áitiúil ná iad siúd nár bhain úsáid as seirbhísí.

Chaith na torthaí solas ar na tosca iomadúla a bhain leis an gcumarsáid agus an rannpháirtíocht. Tugann an tuarascáil seo breis soiléireachta faoi dhá chineál eolais atá ag teastáil ón bpobal.

- Eolas práinneach faoi nithe a d'fhéadfadh briseadh a chruthú ina saoil — lena mbeadh ag teastáil uathu laistigh d'achar gearr ama, d'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm téacs, agus
- Eolas nach bhfuil práinneach agus a chuireann le luach a saol agus a dhéanann iad a chumasú i dtaca le rannpháirtíocht nó le níos mó tuisceana a fháil ar thopaicí a bhfuil suim acu iontu — agus d'fhéadfaí é seo a sheoladh i bhfoirm ríomhphoist toisc nach bhfuil sé práinneach.

D'aithin an suirbhé go soiléir na bealaí ab fhearr leis na grúpaí aoise difriúla agus na ceantair a bhfuil difríochtaí suntasacha le feiceáil iontu. D'aithin toradh áirithe an t-ardspleáchas ar nuachtáin áitiúla agus ar an raidió taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, níos mó rannpháirtíochta aghaidh ar aghaidh i gcúige Mumhan agus an tábhacht a bhaineann le póstaeir mar fhoinse faisnéise i gceantar Bhaile Átha Cliath. Anuas air sin, bhí sé suimiúil nóta a dhéanamh de leibhéal úsáide íseal an tsuímh ghréasáin i measc an aoisghrúpa 18-25 nuair a léirigh daoine aosta tuilleamaí láidir ar na meáin thraidisiúnta le haghaidh faisnéise.

Go deireanach, léiríonn an suirbhé an méadú feasachta i dtaobh na seirbhísí a chuireann an t-údarás áitiúil ar fáil agus méadú i gcéatadán na bhfreagróirí a bhaineann úsáid as na seirbhísí i gcomparáid le 2021. Bhí rátaí sásaimh ard le haghaidh thromlach na seirbhísí, agus bhí roinnt leibhéal míshásamh soiléir maidir le líon beag seirbhísí. Gheofar níos mó léargais ar an topaic seo sa bhliain 2023 toisc go bhfeadfar na torthaí a chur i gcomparáid le torthaí 2023.

# Cás-staidéir

Chun roinnt de na tionscnaíochtaí atá i bhfeidhm thar an tionscal a thaispeáint, taispeántar trí chás-staidéar thíos. Díríonn na cáis-staidéar ar thionscnaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta agus roghnaíodh iad ó ghearrliosta na nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil.

1. Comhairle Contae an Longfoirt - Tionscadal Capall Uirbeach
2. Comhairle Contae Dhún na nGall - Tionscadal Lorgaireachta Conairí
3. Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin - Ionchuimsiú Digiteach 'Tionscadal Dearcáin'

Tugann na cás-staidéir achoimre ar an tslí a bhfreastalaíonn na húdaráis áitiúla ar riachtanais chustaiméirí thar réimse seirbhísí lena n-áirítear an pobal, fóillíocht agus áineas, an timpeallacht, turasóireacht, seirbhísí leabharlainne agus teicneolaíocht faisnéise.

Tá an fhís a leagadh amach i Seirbhísí Poiblí Níos Fearr 2030 'ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus sásaíonn soláthar Seirbhíse Poiblí comhtháite na riachtanais agus feabhsaíonn sé saol mhuintir na hÉireann' (Seirbhís Phoiblí Níos Fearr, 2030). Tugann na cás-staidéir tuiscintí agus foghlaimí luachmhara ó chumarsáid ón rialtas áitiúil agus tionscnaíochtaí rannpháirtíochta fad a d'aibhsigh siad freisin conas a sholáthraíonn an tionscal seirbhísí nuálacha chun riachtanais a chustaiméirí a shásamh.

# Cás-staidéar a hAon

## Comhairle Contae an Longfoirt Tionscadal Capall Uirbeach

| **Údarás Áitiúil** | Comhairle Contae Longfoirt |
|---|---|
| **Teideal** | Tionscadal Capall Uirbeach |
| **Cur síos gearr ar an tionsc-naíocht** | Is tionscadal capall pobail a soláthraíodh do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, rud a thionlaic Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil (STÚÁ) agus Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt (CSL) i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus Acmhainní Pobail an Longfoirt Teoranta (APLT).<br>Thosaigh an tionscadal capall uirbeach mar thionscadal rialaithe capall. Rinneadh é a leathnú chun seirbhís a sholáthar do phobail faoi mhíbhuntáiste trí leas ainmhithe a chur chun cinn, ag cur oiliúna ar dhaoine óga maidir le cúram capall agus trí dheiseanna marcaíochta ar chapall a chur ar fáil. Is clár atá ag éirí níos rathúla é, rud atá fós ag bailiú nirt.<br>Bhí cur chuige idirghníomhaireach lárnach maidir le rath an tionscadail a chinntiú. Chuaigh an STÚÁ i gcomhar le páirtithe leasmhara chun tionscnaíochtaí a chomhlíonadh agus chun seirbhísí pobail a chur ar fáil, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Tháinig bainistíocht ghairmiúil, maoirseacht agus cláir spóirt oll-eispéiris ón CSL. Bhí an maoirseoir capall bainteach le saincheisteanna i dtaca le leas capall. Thug an APLT cabhair maidir le teagmháil a dhéanamh le daoine óga a bhfuil deacair teacht orthu ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Tháinig tacaíocht láidir ón ardbhainistíocht laistigh de Chomhairle Contae an Longfoirt agus an RTBM. Chuir an RTBM maoiniú díreach ar fáil freisin don tionscadal. |
| **Cuspóirí** | I measc chuspóirí na tionscnaíochta seo áirítear:<br>• Tacaíocht a thabhairt d'oideachas agus d'fhorbairt leanaí ón lucht Siúil agus ó ghrúpaí mionlaigh eile agus feasacht a bhreith ar rialúchán maidir le capaill agus chun tionchar a bheith ar a bpobal féin.<br>• Stáblaíocht agus innilt shábháilte a sholáthar do chapaill le haghaidh na dteaghlach a bhíonn gníomhach leis an tionscadal.<br>• Deis a thabhairt do leanaí a bhféinmhuinín agus a scileanna sóisialta le daoine eile a fheabhsú.<br>• Sláinte agus folláine intinne dearfach a chur chun cinn.<br>• Oiliúint a chur ar dhaoine maidir le láimhseáil, cúram, agus folláine na gcapall, agus chuige sin, dul chun cinn gairme sa tionscal capall.<br>• Deis spóirt dearfach a thabhairt do leanaí d'fhonn is go bhfanfaidís bainteach leis an spórt. |

| | |
|---|---|
| **Conas a forbraíodh an tionscnaíocht?** | I mí Mheán Fómhair 2010, i ndiaidh thobchliseadh an gheilleagair agus an mhéadaithe ar líon na gcapall imithe ar fán agus nach bhfuil ag teastáil in Éirinn, rinne an RTBM athmhachnamh ar a straitéis i dtaca leis an Acht um Rialú Capall 1996. I mí na Samhna 2014, d'fhógair an RTBM leithdháileadh airgeadais do Bhainisteoirí Contae chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt áiseanna chun foscadh a thabhairt do dhaonra na gcapall uirbeach agus chun oideachas a chur ar dhaoine óga i gcúram agus leas capall. Thosaigh an tionscnaíocht le comhráite ag leibhéal na bainistíochta laistigh den údarás áitiúil. Thosaigh Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil é i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta. Bunaíodh grúpa oibre, lena n-áirítear an CSL agus páirtithe leasmhara áitiúla, agus gineadh fonn trí thionscadail fhéideartha a mhíniú agus na buntáistí féideartha do dhaoine óga agus a muintireacha. Soláthraíodh an tionscnaíocht seo tríd an oideachas agus tríd an bhfoghlaim i láthair go pearsanta den chuid is mó. Mar sin féin, baineadh úsáid as an teicneolaíocht trí sheirbhís ghrúpteachtaireachta, rud a cheadaigh chumarsáid dhíreach a dhéanamh le teaghlaigh rannpháirteacha lena chinntiú gur cuireadh in iúl dóibh. Le linn an tionscadail, glacadh pictiúir, agus cuireadh físeán de na gníomhaíochtaí le chéile chun taifead a dhéanamh de ghaiscí agus dul chun cinn na ndaoine óga seo. Chabhraigh sé freisin maidir leis an gclár a fhógairt d'eagraíochtaí agus comhlachtaí iomadúla agus fógraíodh freisin é ar ár meáin shóisialta agus ár suíomh gréasáin. Bhí na meáin thraidisiúnta áitiúla mar chuid den chlár freisin.<br><br>Mhaoinigh an DAFM (maoiniú rialtais lárnach), an LCC (maoiniú rialtais áitiúil) agus maoiniú LCRL agus LSP an tionscnaíocht. Bhí cumarsáid agus rannpháirtíocht idir pháirtithe leasmhara inmheánacha agus eismheánacha lárnach maidir le rath an tionscadail. I measc na bpáirtithe leasmhara, áiríodh carthanachtaí leasa ainmhithe, ionaid eachaithe, rannpháirtithe, agus grianghrafadóirí. Mheall móiminteam dearfach an an tionscadail daoine agus eagraíochtaí breise le páirt a ghlacadh ann; agus dá réir sin, tugadh spreagadh d'fhorbairt dhinimiciúil an tionscadail thar bhlianta as a chéile. |
| **Amlíne** | Tosaíodh an tionscnaíocht sa bhliain 2016 agus reáchtáiltear í gach bliain ó shin i leith. Mar chuid den réimse leathan seirbhísí a chuireann an LSP agus an LAVS ar fáil, bíonn an t-amlíne thar bhliain amháin a bheagán nó a mhórán. Áirítear scóip ullmhúcháin agus cruinniú maoinithe idir an LAVS agus an SP i mí Eanáir sa phróiseas bliantúil. Cuireann an LSP cumarsáid riaracháin agus oibríochtúil chun cinn Tagann iarratas maoinithe ina dhiaidh sin i mí Feabhra agus cruinnithe grúpstiúrtha i mí an Mhárta, Aibreáin, agus Bealtaine. Feidhmítear an clár thar mhí an Mheithimh agus Iúil. Reáchtáiltear meastóireacht ar na tionscnaíochtaí i mí Mheán Fómhair. Cuirtear tuarascáil isteach faoi bhráid an DAFM agus tarraingítear maoiniú anuas ansin. De ghnáth faightear maoiniú i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna agus cuirtear tuairisciú bliantúil i gcrích i bhfoirm tuarascála bliantúla agus meastóireachta M1. |
| **Aithin an limistéar/na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | **Timpeallacht, Tréidliacht, Pobal, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire - Comhpháirtíocht Spóirt** |

## **Cás-Staidéar a hAon** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Torthaí** | Cheadaigh an tionscnaíocht seo do Chomhairle Chontae an Longfoirt le cumarsáid agus rannpháirtíocht leis na pobail a fheabhsú, pobail a bheadh amhrasach nó drogallach teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí, cosúil leis an údarás áitiúil. Bhain an LCC úsáid as an teimpléad ón tionscadal seo le haghaidh tionscnaíochtaí eile mar chuid den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail píolótach. Léiríonn an tionscadal seo go bhféadtar le seirbhísí an rialtais áitiúil polasaithe an rialtais láir a bhaint amach go héifeachtúil.<br><br>I measc thorthaí na dtionscnaíochtaí áirítear:<br>• Laghdaíodh taomanna capall ó 56 in 2014 go dtí a ceathair in 2022.<br>• Bhain caoga a ceathair páiste tairbhe as an tionscadal thar na ceithre bliana.<br>• Léiríonn tuairisciú M1 gur mhéadaigh leibhéil ghníomhaíochta fisicí na rannpháirtithe, agus léiríonn sé amhlaidh toisc gur méadaíodh leibhéil ghníomhaíochta fisicí na rannpháirtithe 100% mar gheall ar an gclár seo.<br>• Tugadh deis d'ochtar ógánach teacht thar n-ais go dtí an tionscadal an bhliain dár gcionn chun a scileanna a chur chun cinn níos mó.<br><br>Chomh maith leis sin, gnóthaíonn na leanaí féinmhuinín as páirt a ghlacadh sa chlár. Bhí gach páiste ina cheannaire lena chapall, rud a thug freagracht dóibh. Gnóthaíonn na rannpháirtithe feasacht i dtaobh cúram a thabhairt dá gcapaill mar aon le conas marcaíocht a dhéanamh. Chuir sé seo sláinte agus folláine na ndaoine óga chun cinn agus chinntigh sé freisin gur cuireadh cleachtais dhearfacha i bhfeidhm i dtaobh leasa ainmhithe. Is sampla chomh maith den choincheap Comhshláinte, ina mbíonn tionchar ag daoine, ainmhithe agus an timpeallacht ar shláinte a chéile. Mothaíonn rannpháirtithe, bainisteoirí, maoinitheoirí agus soláthraithe seirbhíse sásamh agus go raibh rud éigin curtha i gcrích acu as páirt a ghlacadh sa tionscnaíocht seo.<br><br>Tá an tionscnaíocht seo inbhuanaithe toisc go bhfuil cur chuige an Tionscadail Chapaill Uirbigh níos fearr i dtaobh luach ar airgead i gcomparáid le cur chuige forfheidhmithe amháin. Mar gheall gur cur chuige idirghlúine é seo, leanfaidh sé ar aghaidh ag cothú luacha agus<br>ag feabhsú go fadtéarmach d'úinéirí capall uirbeach agus don tsochaí. Cothaítear cóimheas idir úinéirí capall uirbeach agus grúpaí sa tsochaí trí imeascadh agus ionchuimsiú. |
| **Eochairthorthaí agus/nó bacainní don údarás áitiúil** | I measc na n-eochairthorthaí, áirítear an buntáiste a bhaineann le cumarsáid agus rannpháirtíocht mheasúil idir rannóga san údarás áitiúil agus idir an t-údarás áitiúil agus spriocghrúpaí. Bhí sé spreagúil féachaint ar na nithe a fhéadtar a bhaint amach nuair a oibríonn na rannóga difriúla i gComhairle Chontae an Longfoirt le comhlachtaí eile le chéile.<br><br>Bhí an tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir agus ghonta idir chomhlachtaí agus rannpháirtithe ríthábhachtach le rath an chláir. Ní foláir go mbeadh fonn dearfach i leith na tionscnaíochta ar na daoine atá bainteach léi le go n-éireodh léi.<br><br>Eochairthoradh eile a fuarthas ná go bhféadtar le capaill agus gníomhaíocht choip constaicí a briseadh síos do na daoine óga seo agus go bhféadfaidís tionchar mór a bheith acu orthu agus ar conas a d'fheicfidís an domhan agus an tsochaí.<br><br>D'fhéadfadh ualach oibre na rannóg i gceist, rannpháirtíocht na rannpháirtithe agus cliseadh maidir leis na rioscaí oibríochtúla a mheasúnú agus a bhainistiú a bheith ina gconstaic ar fheidhmiú rathúil na tionscnaíochta. |
| **Eolas Breise** | Tá Comhairle Chontae an Longfoirt an-sásta gur roghnaigh an GBRÁ ár dTionscadal Capall Uirbeach mar chás-staidéar. Tugann aitheantas do thábhacht an chapaill sa stair agus sa chultúr i measc daoine deis le haghaidh cumarsáid agus rannpháirtíocht dhearfach, rud a d'fhéadfadh síneadh ní b'fhaide i bhfad ó rialachán rialaithe capall. |

# Cás-staidéara Dó

## Comhairle Contae Dhún na nGall Tionscadal Lorgaireachta Conairí

| Údarás Áitiúil | Comhairle Contae Dhún na nGall |
|---|---|
| Teideal | Tionscadal Lorgaireachta Conairí |
| Cur síos gearr ar an tionsc-naíocht | Is tionscadal Eorpach í Lorgaireacht Chonairí a reáchtáiltear ar bhonn píolótach ag Anaclann Éanlaithe Leibhéil na hInse i nDún na nGall, ceann de na hocht láthair san Eoraip (níl ach 2 cheann acu in Éirinn). Feidhmítear í chun forbairt gheilleagrach tuaithe a spreagadh trí infheistíochtaí a rinne na húdaráis áitiúla i mbonneagar siúil agus fóillíochta a nascadh leis na bailte agus sráidbhailte máguaird. Spreagann sé líon na gcustaiméirí sna háiteanna seo; agus dá réir sin, cuireann sé le cothú na bpobal áitiúil seo.<br><br>Tá an dream áitiúil lárnach maidir le rath an tionscadail seo. Trí phlean conaire pobail saincheaptha a fhorbairt agus trí dhaoine áitiúla a spreagadh le bheith ina 'n-ambasadóirí conaire pobail' nó ina gcoimeádaithe ar na suíomhanna nádúrtha seo, athghríosaíonn sé uaillmhian don cheantar agus an chaoi a bhféadtar le duine amháin difríocht a dhéanamh agus a bheith ina dhifríocht sa phobal sin. |
| Cuspóirí | Rinneadh infheistíocht ollmhór i mbonneagar straitéiseach i gconairí siúil i nDún na nGall. Cabhróidh an tionscadal seo le lucht déanta polasaithe an tionchar a bhí ar na bailte agus na sráidbhailte máguaird a mheas agus conas an tionchar a mhéadú.<br><br>Is é cuspóir ginearálta an tionscadail ná chun imscrúdú a dhéanamh ar conas is féidir conairí siúil agus fóillíochta a úsáid mar chatalaígh d'fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíochta agus sóisialta bailte agus pobail bheaga thuaithe. |
| Conas a forbraíodh an tionscnaíocht? | Rinneadh infheistíocht shuntasach thar na blianta i bhforbairt chonairí siúil agus fóillíochta thar Limistéar an Atlantaigh, ag cur oidhreacht shaibhir nádúrtha agus chultúrtha an réigiúin os comhair an phobail agus ag ligean do chuairteoirí iad féin a threorú agus taitneamh a bhaint as na sócmhainní is luachmhaire sa réigiún.<br><br>Bheartaigh Tionscadal Lorgaireachta Conairí ar thionchar na hinfheistíochta seo a mheas ar chothú pobal tuaithe agus féachadh thart ar bhealaí nuálacha a bhféadfadh an tionchar seo a fheabhsú. Chothaigh sé ambasadóirí conairí pobail, d'fhorbair sé pleananna conairí pobail agus sholáthair sé múnla don chleachtas ab fhearr maidir le conas is féidir leis na sócmhainní seo a bheith ina gcatalaígh d'fhorbairt fhadthéarmach pobal beag tuaithe i Limistéar an Atlantaigh. |

## **Cás-Staidéar a Dó** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Conas a forbraíodh an tionscnaíocht?** | Páirtithe an Tionscadail: Tháinig 10 bpáirtí tionscadail suas le Lorgaireacht Chonairí Municipio de Viana do Castelo (An Phortaingéil); Merthyr Tydfil County Borough Council (An Bhreatain Bheag); Dirección General de Protección de la Naturaleza-Gobierno de Canarias (La Palma); Glasgow Caledonian University (Albain); Ollscoil Uladh (Tuaisceart na hÉireann); Ville de Louvigné du Désert (An Fhrainc); Navarra De Suelo Y Vivienda, S. A.U (An Spáinn); Comhairle Contae Shligigh (Éire); Universidade do Algarve (An Phortaingéil); agus threoraigh Rannóg Forbartha Eacnamaíochta i gComhairle Chontae Dhún na nGall (Éire) é.<br><br>Láithreacha Píolótacha: Ocht láthair chonaire phíolótach in 'Chemin De Mémoires'; sa Bhriotáin, an Fhrainc; 'Via Verde del Plazola' in Navarra, an Spáinn; 'La Caldera de Taburiente' ar an Oileán Canárach Las Palma; na 'Seacht nGleann ar Crochadh' san Algarve, an Phortaingéil; 'An Sliabh Naofa' in Viana do Castelo, An Phortaingéil Thuaidh; an 'Chonair Taff' in Iarthar na Breataine Bige agus na Gleannta; 'Lúb Chnoc na Riabh/Chill Easpaig Bhróin' i Sligeach; agus 'Leibhéal na hInse' i nDún na nGall.<br><br>I measc na n-eochairaschur áirítear:<br>• Teicneolaíocht chéime a imlonnú lena n-áirítear 21 braiteoir suiteáilte ag an láthair phíolótach i nDún na nGall.<br>• Páipéar 'Léargais Chustaiméirí agus Ghnóthas' a dhéanamh, ag oibriú le gnóthais áitiúla chun tionscnaíochtaí a fhorbairt le torann coise a ghríosú.<br>• Pleananna Conairí Pobail / Ambasadóirí Conairí Pobail a fhorbairt — ag spreagadh daoine áitiúla le bheith ina gcoimeádaithe ar a gconairí féin.<br>• Algartaim iolraitheora a fhorbairt chun an toradh ar infheistíocht agus an méid a chaitheann gach cuairteoir conaire a mheas (maidir le hInis i nDún na nGall, oibríonn sé amach ar 0.70 cent).<br>• Uirlisí cumarsáide a fhorbairt lena n-áirítear suíomh gréasáin, bunachar sonraí spriocphobail agus ábhair thurasóireachta fíorúil. Bunaíodh dhá fhís déag d'Aip na Inse / Scéalta Conaire Caillte.<br>• Foilsíodh Tacar Dea-chleachtais, agus is féidir é a chur in oiriúint do chonair ar bith. |
| **Aithin an limistéar/na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | **Pleanáil, Gnó agus Eacnamaíocht (Forbairt Eacnamaíochta), An Timpeallacht, Bóithre agus Iompar, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire, Oidhreacht agus Caomhnú, Turasóireacht, Teicneolaíocht Faisnéise, Rialachas agus Riarachán, Pobal** |
| **Amlíne** | An tionscadal trí bliana a lainseáladh sa bhliain 2020. |

| | |
|---|---|
| **Torthaí** | D'fhorbair an Tionscadal Lorgaireachta Conairí tacar mar ár leagáid i dtaca le conas a ghabhann sonraí nuálacha teicneolaíochtaí agus conas is féidir úsáid a bhaint as braiteoirí, léarscáiliú GIS, suirbhéanna saincheaptha chun faisnéis a ghabháil ar gach láthair conaire. Mheas an Tionscadal Lorgaireachta Conairí an tionchar iolraitheora nó an toradh don phobal tuaithe do gach euro a infheistíodh i siúlta nó in infreastruchtúr conaire agus rinne sé imscrúdú agus tástáil ar na bealaí a bhféadfar é seo a fheabhsú. Tá an tacar seo oiriúnach do gach saoránach, úinéirí gnó, soláthraithe turasóireachta, soláthraithe oideachais, soláthraithe cúram sláinte, grúpaí cosanta timpeallachta, grúpaí spóirt agus fóillíochta, lucht déanta beartas agus eile, a bhfuil cónaí orthu i bpobail thuaithe bheaga atá timpeall gach láthair chonaire seo. Bhí meascán sonraí fianaise-bhunaithe sa tacar seo, a ligfidh do pháirtithe leasmhara an phobail tuiscint a fháil maidir leis an gcéim fhorbartha a bhfuil a gconair uirthi, leis na sócmhainní agus na constaicí a aithint agus le roghanna féideartha a mheas le haghaidh forbairt gach láthair chonaire amach anseo.<br><br>Rinne Lorgairí Conairí a ndícheall maidir le pobail tuaithe a athbheochan, a athnuachan agus a athshamhlú trí fhís thodhchaí a fhorbairt, rud a spreag an pobal, atá fianaise-bhunaithe agus atá cumhdaithe i gcoincheap na mallturasóireachta, rud a fhéadann le pobail bheaga a bhainistiú go hinbhuanaithe. Díriú ar chuairteoirí siúil agus rothaíochta a bhfuil suim acu san 'eispéireas uathúil' a chuireann áiteanna beaga tuaithe nó iargúlta ar fáil atá báite i réimse saibhir oidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúrtha.<br><br>Féadtar an tacar a oiriúnú chun lucht déanta beartas a chur ar an eolas maidir le creatlach a aithníonn na leibhéil infheistíochta atá de dhíth, an clárú agus bainistíocht a theastaíonn chun cúnamh a thabhairt do chonairí a bheith níos tiomanta i dtaobh cúrsaí eacnamaíochta agus cúrsaí sóisialta; agus dá réir sin, méadaítear agus spreagtar níos mó cuairteoirí go dtí Limistéar an Atlantaigh. |
| **Eochairthorthaí agus/nó bacainní don údarás áitiúil** | Go achomair, ba thionscadal comhoibríoch agus nuálach ceart é an Lorgaireacht Chonairí a thosaigh amach chun tacar a fhorbairt chun:<br>a) an dea-chleachtas a bhfuil glacadh leis i dteicneolaíochtaí conairí agus modheolaíochtaí a leagadh amach chun sonraí torainn choise a ghabháil; deaiseanna a fhorbairt; suirbhéanna cuairteoirí a riaradh; iolraitheoirí conairí a áireamh; pleananna conairí saincheaptha a fhorbairt; agus chun pobail a spreagadh.<br>b) réimse teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí a roghnú, a fheidhmiú agus a thástáil i bhfianaise na dtréithe socheacnamaíocha uathúla agus na céime forbartha de gach 8 láthair chonaire a ghlac páirt ann.<br>c) Agus go deireanach, taifeadfar eochairthorthaí agus eochairbhealaí ionas go bhféadtar le pobail bheaga thuaithe 'a sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha a fheabhsú chun forbairt eacnamaíochta a spreagadh' chun tarraingteacht a n-áiteanna a mhéadú mar áiteanna oibre, cónaithe agus faoi bhláth. |
| **Eolas breise** | www.trailgazers.eu |

# Cás-Staidéar a Trí

## Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin - Ionchuimsiú Digiteach 'Tionscadal Dearcáin'

| Údarás Áitiúil | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin |
|---|---|
| **Teideal** | Ionchuimsiú Digiteach 'Tionscadal Dearcáin' |
| **Cur síos gearr ar an tionscnaíocht** | Ba é mórchuspóir na tionscnaíochta seo ná comhoibriú chun teacht ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh digiteach. I rith na paindéime, rinneadh imeallú níos mó orthu siúd nach raibh rochtain acu ar ghléasanna, ná na scileanna riachtanacha chun iad a úsáid. Casadh seirbhísí iomadúla go dtí an chianobair agus aonraíodh saoránaigh mar gheall ar an ngá chun cúnamh a thabhairt agus d'aithin Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) déimeagrafach níos sine mar thosaíocht ach go háirithe.<br><br>De réir an taighde a rinneadh ar an nGlaoch Pobail, a rinne an Dr Louise Kinlen mar chuid de Southside Partnership, nótáladh litearthacht dhigiteach agus bochtaineacht dhigiteach mar shaincheist sa tír go mba ghá aghaidh a thabhairt orthu. De réir thuarascáil an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh 2020, áiríonn 55% de dhaoine fásta go bhfuil 'scileanna digiteacha ísle' acu, go háirithe 'saoránaigh aosta'.<br><br>Bunaíodh an Grúpa Oibre Ionchuimsithe Dhigitigh dlr idir-rannach sa bhliain 2021, le foireann ón Leabharlann, ón bPobal, ó rannóga Teicneolaíochta & Cumarsáide, chun comhoibriú a dhéanamh maidir le bealaí nuálacha a aimsiú le go rachfar i ngleic le heisiamh digiteach.<br><br>Ba é an Tionscadal Dearcáin an chéad tionscadal de chuid an ghrúpa, a dearadh chun maoiniú agus acmhainní a aithint chun gléasanna & oiliúint a sholáthar do spriocghrúpaí, agus cúnamh a thabhairt dóibh scileanna agus féinmhuinín a ghnóthú ar líne. |
| **Cuspóirí** | Chun comhoibriú a dhéanamh idir-ranna in DLR chun caidrimh a bhunú a forbraíodh le linn an ghlaoigh phobail agus aghaidh a thabhairt ar ghá a aithníodh in eochairdhéimeagrafach leochaileach. Bhí sé mar thuairim go sroichfeadh an comhoibriú níos mó páirtithe leasmhara agus go mbeadh tionchar níos mó aige orthu.<br><br>Bhí baill níos aosta sa phobal agus a ngrúpaí abhcóideachta agus soláthraithe seirbhíse mar an spriocthheascóg. D'aithin comhairliúchán mar chuid d'ullmhúchán Straitéis Aoisbháúil 2022-2026 an dlr rochtain ar theicneolaíocht agus cos a choinneáil le scileanna litearthachta digiteacha mar cheann de na príomh-saincheisteanna a mbeidh tionchar acu ar dhaoine breacaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin go ceann 5 bliana. |

| | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | I measc phríomhchuspóirí an tionscadail phíolótaigh áiríodh dul i ngleic leis an dúshlán sin trí ghléasanna, scilbhisiú agus bealach nascachta a sholáthar dóibh siúd a raibh tionchar ag an scoilt dhigiteach orthu, go háirithe an déimeagrafach breacaosta.<br><br>Cuspóir cliathánach a bhí ann ná cumhachtú le scileanna litearthachta digiteacha feabhsaithe agus an fhéinmhuinín a thagann leis an bhfeasacht sin. Leanann deiseanna níos fearr rochtain níos fearr ar eolas agus an cumas chun a luach a mheas agus é a idirdhealú ó eolas míchruinn, mar aon leis an acmhainn chun teacht ar sheirbhísí oiliúna, oideachais, sláinte agus airgeadais ar líne.<br><br>Thar aon ní eile, i dtaca leis an acmhainn chun teacht chomh fada le cairde, teaghlaigh, agus gréasáin shóisialta ar líne, mar aon leis an deis chun gréasáin shóisialta nua a chruthú ann, tá sé cruthaithe go bhfeabhsaíonn sí cúrsaí sláinte agus folláine, agus dá réir sin ba eochairsprioc í.<br><br>Dhírigh an ghné chomhoibríoch den tionscadal seo ar chultúr a chruthú ina mbeadh roinnt tuairimí, taighde, acmhainní agus sruthanna maoinithe laistigh den dlr, chun luach ar airgead, forbairt scileanna foirne agus tógáil acmhainne a lorg.<br><br>Eochairchuspóir eile a bhí ann ná nascacht agus comhairliúchán níos fearr a dhéanamh le saoránaigh agus saoránacht ghníomhach a mhéadú a dtiocfadh soláthar seirbhíse ní ba thráthúla agus spriocdhírithe as. |
| **Conas a forbraíodh an tionscnaíocht?** | I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoinsigh rannóg an Phobail dlr maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun réimse gléasanna a cheannach le tabhairt do bhaill Chomhairle na nDaoine Scothaosta (OPC) chun trealamh agus oiliúint a thabhairt dóibh chun teagmháil a dhéanamh lena chéile ar líne. Cuireadh réimse gléasanna (Táibléid Dearcáin) ar fáil, lena n-áirítear dóibh siúd le scileanna bunúsacha nó gan scileanna.<br><br>Is táirge Éireannach iad táibléid Dearcáin a dhear an soláthraí (Cliffrun Media) do dhaoine aosta go háirithe, le leibhéal íseal scileanna teicneolaíochta/gan scileanna teicneolaíochta. Tá cuma inrochtana orthu, le dearadh iomasach, dathanna láidre agus clónna móra.<br><br>Chuaigh foireann na leabharlainne, a raibh réimse taithí agus scileanna acu i dtaobh na teicneolaíochta, de i dteagmháil le baill an OPC agus phléigh siad leis an gcianoiliúint mar an chéad tionscadal. Ag an am sin, ar na 13 ball déag seo, ní raibh a ngléas féin ag naonúr acu, agus mar sin sholáthair rannóg an Phobail dlr iad seo dóibh. Thug an naonúr seo faoi oiliúint ar thug foireann na leabharlainne dóibh, a bhí saincheaptha dá riachtanais, ag am agus bealach a roghnaigh siad féin.<br><br>Bhí an dul chun cinn taifeadta éachtach, go háirithe le dúshlán na cianoiliúna.<br><br>I ndiaidh rath na tionscnaíochta seo, ceannaíodh táibléid Dearcáin le maoiniú faoi bhuiséad tionscadail speisialta, a lainseáladh i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Scothaosta NA a cheiliúradh, agus tugadh iad do thithe altranais agus ionaid chúram lae. Tairgeadh oiliúint d'fhoirne na n-ionad seo ar na táibléid seo ó chian toisc gurb é a rogha é. |

## **Cás-Staidéar a Trí** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Conas a forbraíodh an tionscnaíocht?** | Bunaíodh grúpa oibre i leabharlanna chun imscrúdú a dhéanamh ar an scéim iasachta phíolótacha don phobal. D'fhéach an grúpa oibre ar théarmaí agus coinníollacha na n-iasachtaí agus bunaíodh clár oiliúna. Lainseáladh scéim iasachtaithe ó leabharlanna go déanach in 2021, in éineacht le hoiliúint duine le duine le foireann na leabharlainne ag na leabharlanna píolótacha.<br><br>Faoi dheireadh, cuireadh daichead a dó táibléad ar fáil le haghaidh tréimhsí iasachta dhá-mhí, agus anois tá siad ar fáil ag gach brainse leabharlainne Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin. Tá dhá thrian de na gléasanna cumasaithe le Wi-Fi; tá sonraí sim ag an gcuid eile acu, a thugann nascacht dóibh siúd gan leathanbhanda tí acu. Tá liostaí feithimh ann anois ag gach brainse do na gléasanna agus tacaíochtaí móréilimh seo.<br><br>Leanann an grúpa Ionchuimsithe Digitigh ar aghaidh leis an gclár for-rochtana a rinne siad, a chur chun cinn i measc Scor Gníomhach agus grúpaí aoisbháúla eile, agus léiríonn sé Dearcáin agus taispeánann sé seirbhísí agus áiseanna eile atá ar fáil óna n-údarás áitiúil.<br><br>Bhunaigh dlr físeán bolscaireachta chun an tionscnaíocht a léiriú agus seinntear ar gach scáileán digiteach sna leabharlanna é agus roinntear chomh maith ar chuntais na meán cumarsáide leabharlann é ar Facebook, Instagram, Twitter, agus TikTok. Tháinig níos mó comhoibrithe agus tionscnaíochtaí as an gcomhoibriú le comhlachtaí eile m.sh. An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).<br><br>Bhí táirgeadh Iris Aoisbháúil dlr 2022 a dhírigh ar digitiú ar na fógraí cruachóipe ba bharrthábhachtaí, áit ar chuir mórchomhlachtaí eolas ar na tacaíochtaí digiteacha atá ar fáil.<br><br>Sholáthair Aoisghníomhaíocht cruachóipeanna freisin den treoir oiliúna ríomhaireachta Getting Started le seoladh leo go dtí ionaid chúram lae, séipéil, ionaid siopadóireachta, agus phobail. Rinneadh meastóireacht agus monatóireacht i bhfoirm foirme aischothaithe, a lainseáladh leis na táibléid Dearcáin chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair agus chun aischothú díreach a fháil ó na húsáideoirí. Bhí an t-aischothú ginearálta dearfach: "An-tairbheach...Ní hamháin go dtugann tú an fheasacht faoi deara, ach tagann an fhéinmhuinín léi. Sheol mé mo chéad ríomhphost, bhí ríméad an tsaoil orm!" Nancy Forsyth, ball den OPC. |
| **Sainaithin an réimse/na réimsí seirbhíse a bhaineann leis an tionscnaíocht** | **Pobal, Leabharlanna, Teicneolaíocht Faisnéise, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire, Na hEalaíona agus Cultúr.** |

| | |
|---|---|
| **Amlíne** | Thosaigh an tionscadal sa bhliain 2020 mar gheall ar an bpaindéimeach Covid-19 ach forbraíodh é le trí bliana anuas mar fhreagairt ar riachtanais úsáideoirí agus foghlaimí foirne. Mar gheall ar rath na tionscnaíochta, tá sí fós ag imeacht agus tá pleananna chun an scéim a fhorbairt tosaithe.<br><br>Tá an tionscnaíocht an-inbhuanaithe sa chaoi a n-uasmhéadaíonn comhoibriú idir-rannach acmhainní, tuairimí agus sruthanna maoinithe go nádúrtha. Méadaíodh eochairtháscairí seirbhíse le gléasanna curtha ar iasacht, ballraíocht leabharlann nua agus athnuaite agus turais go dtí na leabharlanna, rud a mhéadaigh an fhor-rochtain agus an fhógraíocht'; agus dá réir sin, chabhraigh sé le dlr ábharthacht a choimeád lena úsáideoirí seirbhíse.<br><br>Don fhoireann, tuairiscíodh go raibh sé 'tairbheach' an deis a thapú chun páirt a ghlacadh sa tionscadal, agus tiocfaidh sásamh poist agus scilbhisiú foirne níos fearr as.<br><br>Tá an tionscadal Dearcáin oiriúnach freisin dóibh siúd a bhfuil lagú radhairc, deacrachtaí próiseála chéadfaigh nó intleachtúla orthu, mar gheall ar a scáileán taispeána inrochtana atá míthrangláilte ag deilbhíní, a bhfuil Béarla soiléir air, agus a bhfuil físeáin teagaisc shimplí ionsuite ann. Tá pleananna forbartha do na húsáideoirí seo tosaithe. |
| **Torthaí** | Bhí comhoibriú níos fearr idir rannóga na Comhairle Contae dlr mar thionchar na tionscnaíochta seo, ní hamháin gur bunaíodh grúpa oibre idir-rannach, ar tháinig meon comhghleacúil agus cultúr ina roinntear smaointe, taighde, acmhainní agus sruthanna maoinithe as, ach d'éirigh leis freastal níos fearr a dhéanamh ar an bpobal agus seirbhísí soláthar ar bhonn níos tráthúla agus spriocdhírithe, rud a chabhraigh go mór linn lenár spriocanna corparáide a bhaint amach níos fearr.<br><br>Méadaíodh eochairtháscairí seirbhísí, le gléasanna tugtha ar iasacht, agus ballraíochtaí leabharlann nua agus athnuaite. Sholáthair sé freisin, rochtain ar réimse iomlán acmhainní ar líne a chuireann Leabharlanna dlr ar fáil, do roinnt úsáideoirí.<br><br>Maidir le húsáideoirí sheirbhísí dlr, ba é an tionchar a bhí dóibh siúd ná rochtain ní b'fhearr ar ghléasanna, scileanna, agus seirbhísí, mar aon le níos mó feasachta ar an méid a fhéadtar leis an údarás áitiúil a dhéanamh dá shaoránaigh, rud a chruthaigh caidrimh mhaithe agus cáil ní b'fhear.<br><br>Bhí sé an-tairbheach don fhoireann páirt a ghlacadh i scilbhisiú mhuintir an phobail, agus spreag sé an fhoireann freisin chun uasoiliúint a chur orthu féin, agus mórtas a ghlacadh maidir le dílseacht a chloí dá n-úsáideoirí seirbhíse.<br><br>I measc na n-eochairaschur áirítear:<br>• Fuair an 13 ball de Chomhairle na nDaoine Scothaosta oiliúint, agus ghlac siad ar fad páirt sa phíolóta agus bhain siad tairbhe as. Bhí an dul chun cinn taifeadta éachtach, go háirithe le dúshlán na cianoiliúna.<br>• Ceannaíodh seasca a hocht táibléad i ndiaidh gur mhéadaigh buiséad ioncaim tionscadal speisialta an maoiniú.<br>• Reáchtáladh fiche seisiún scileanna digiteacha le haghaidh fhoireann faoi oiliúint na dtithe altranais, agus reáchtáladh seisiúin oiliúna saincheaptha iomadúla duine ar dhuine le foireann leabharlann go hinmheánach.<br>• Tharla roinnt mhaith turas for-rochtana, ar fuarthas ballraíochtaí leabharlainne nua agus athnuaite astu agus chuir sé le figiúirí iasachtaithe freisin, agus bhain Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) leas astu san iomlán.<br>• Níos mó comhoibrithe le Comhaontas Aoisbhá an dlr agus páirtithe leasmhara eile, cosúil le Bord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Aoisghníomhaíocht, Cruthú Nasc an dlr, ALONE, Comhpháirtíocht an Deiscirt, Aoisbhá Éireann agus Líonraí Rannpháirtíochta Pobail mar aon le Bothán na bhFear, NALA, agus eile. |

## **Cás-Staidéar a Trí** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Eochairthorthaí agus/ nó bacainní don údarás áitiúil** | Bhí dúshlán tosaigh ann maidir le dul i dteagmháil le húsáideoirí scothaosta agus oiliúint a chur orthu ó chian, agus bhí sé deacair go háirithe gan a bheith in ann léiriú a dhéanamh i bpearsa, mar gheall ar shrianta Covid.<br><br>Bhí oiliúint agus scilbhisiú foirne ag teastáil i scileanna digiteacha agus meantóireacht úsáideoirí araon. Bhí sé seo tairbheach don fhoireann agus fós spreagann sé an fhoireann mar thionscadal fiúntach.<br><br>Ba dhúshlán é an easpa féinmhuiníne i measc an spriocghrúpa. Bhí imní le sárú faoin teicneolaíocht nach raibh 'dóibhsean', faoi na scileanna éigeantacha a bhí measta chun gléasanna a úsáid, imní faoi dhamáiste do ghléasanna ar iasacht, imní faoi phríobháideachas agus nascacht, agus imní faoin rochtain ar Wi-Fi agus an costas breise le Wi-Fi a cheannach (costais nascachta idirlín).<br><br>Tá an oiliúint fós dúshlánach acu tairbheach. Féadtar leis a bheith deacair teacht ar an am agus féadtar leis an tionchar ar acmhainní a bheith ina dheacracht, go háirithe i mbrainsí níos lú, nó brainsí níos mó atá níos gnóthaí, nuair is gá d'úsáideoirí tosú ó na bunrudaí, cosúil le seoladh ríomhphoist a bhunú, agus ansin trí fheidhmiúlacht an ghléis, agus mar sin d'fhoghlaimíomar go mba chóir do roinnt ball foirne (ar sealanna difriúla) a bheith ina bpointe idirghabhálaithe agus go soláthraítear an oiliúint is fearr duine ar dhuine le coinne eagraithe roimh ré.<br><br>Féadtar leis an bhféidearthacht maidir le scileanna nua a fhoghlaim a bheith iomarcach don úsáideoir. I measc roinnt foghlaimí, áiríodh go mba cheart na rudaí go mba mhaith leo úsáid a bhaint as an ngléas dóibh a aithint, agus é a chur in oiriúint / an scáileán taispeána a shimpliú dá réir (mar shampla, ag laghdú líon na roghanna más rud é go bhfuil an dóchúlacht go mbainfear úsáid as an aip phictiúir íseal. |
| **Eolas breise** | I measc thionchar meántéarmach agus fadtéarmach an tionscadail ar an bpobal, áirítear rochtain níos fearr ar eolas agus seirbhísí do gach saoránach, féinmhuinín níos fearr le nascleanúint ar líne, rannpháirtíocht níos fearr ina bpobail agus a bpobal, agus bainfidh soláthraithe seirbhíse tairbhe as rannpháirtíocht níos fearr leis an déimeagrafach seo,<br><br>Féadtar an físeán Youtube ar mhaithe le fógraíocht a fheiceáil anseo: https://www.youtube.com/watch?v=N6d3vWAZhyc |

# Leabharliosta


Boyle, R., (2020) Sásamh Custaiméirí a Thomhas sa Rialtas Áitiúil, Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin (IPA)

Rialtas na hÉireann (2023) Seirbhísí Poiblí níos Fearr, Baile Átha Cliath: DPER NDP Soláthar agus Leasú
Rialtas na hÉireann (2017) Seirbhísí Poiblí níos Fearr 2020, Baile Átha Cliath: DPER

IHREC (2021) Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine [ar líne] Ar fáil ar: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine - IHREC - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# Aguisín 1: Athruithe Shuirbhé 2022

| Cuid: Feasacht & Tábhacht | |
|---|---|
| Cad iad na seirbhísí a cheapann tú a sholáthraíonn d'[Údarás Áitiúil] nó a bhfuil sé freagrach as?<br>**Grúpa 1: infreastruchtúr faoin aer / áitiúil**<br>1. Taitneamhachtaí Fóillíochta Áitiúla (m.sh., Páirceanna/Áiteanna Súgartha/Áiteanna Snámha/Spásanna Oscailte/Páirceanna Spóirt)<br>2. Cosáin<br>3. Soilsiú Sráide<br>4. Páirceáil & Sábháilteacht ar Bhóithre<br>5. Bóithre (m.sh., Cothabháil agus Feabhsú Líonra Bóthair)<br>6. Rialú Bruscair<br>7. Glantachán Sráide<br>8. Seirbhís Maor Madraí (Maoir Mhadra, Soláthar Foscaí Madra, Gabháil Mhadraí, agus gearradh fíneálacha)<br>9. Draenáil Uisce/Cois bóthair<br>10. Rialú agus Monatóireacht ar Lochanna, Uiscebhealaí, Aibhneacha, Sruthanna agus Tránna<br>11. Reiligí agus Úirleachais<br>**Grúpa 2: seirbhísí bainteach leis an bpobail / le gnóthais**<br>12. Seirbhísí Tacaíochta Gnóthais (LEO, Ionaid Fhiontraíochta, Moil, Tacaíochtaí Gnóthais)<br>13. Seirbhísí Leabharlainne<br>14. Spóirt/Fóillíocht & Ionaid Phobail/Óige<br>15. Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta<br>16. Ag Tabhairt Tacaíochta do Phobail (m.sh. Bailte Slachtmhara, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, Coistí Forbartha Pobal Áitiúil, Comhchoistí Póilíneachta)<br>17. Turasóireacht agus Imeachtaí — Ag Cabhrú le Turasóireacht agus ag Mealladh Turasóirí<br>**Grúpa 3: seirbhísí breise**<br>18. Iarratais Phleanála, Forbairt agus Forfheidhmiú<br>19. Tithíocht Údaráis Áitiúil/Tithíocht Shóisialta<br>20. Cóiríocht don Lucht Taistil<br>21. Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean<br>22. Tacaíochtaí Forbartha Tithíochta Nua (bóithre, soilsiú, cosáin)<br>23. Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhailte<br>24. Cosaint/Feasacht/Forfheidhmiú Timpeallachta<br>25. Ionaid Athchúrsála (Bainc buidéal)<br>26. Seirbhísí Dóiteáin<br>27. Bailiú Mótarchánach<br>28. Clár na dToghthóirí/Toghcháin<br>29. Forbairt an Chontae a Chur chun cinn<br>30. Eile (SONRAIGH & CÓDAIGH)<br>Coigeartuithe déanta ar Liosta Seirbhísí 2021:<br>• Seirbhísí cónasctha mar atá mionsonraithe i dtuarascáil fhoilsithe 2021: Bhí 36 catagóir sa bhunsuirbhé ach i gcás ceithre réimse, cónascadh sonraí i réimsí ar ceapadh go raibh cosúil lena chéile, agus mar sin níl ach 30 catagóir sa liosta deireanach. 1. **cónaisctear an pobal agus do dheoin féin:** (i) Imeachtaí a thacú agus óstáil, (ii) Eagraíochtaí pobail agus deonacha a thacú agus (iii) Leas an phobail áitiúil a chur chun cinn.<br>2. **Ealaíona agus Oidhreacht Ghlan:** (i) Tacaíocht do na hEalaíona agus (ii) don tseirbhís Oidhreachta. 3. **cónaisctear seirbhísí gnóthais:** (i) Oifig Fiontair Áitiúil, (ii) Ionaid / moil Fhiontair agus (iii) Tacaíocht agus forbairt gnóthais/fiontraíochta.<br>4. **Cónaisctear Áiseanna/Ionaid:** (i) Spóirt agus fóillíocht agus (ii) Pobal agus óige. | Liosta na seirbhísí a d'athraíodh |

| Cuid: Feasacht & Tábhacht | |
|---|---|
| • Catagóirí cumaiscthe breise a comhaontaíodh le haghaidh 2022:<br>o 5. **Cosaint/Feasacht Timpeallachta:** (i) Ag tabhairt tacaíochta don Timpeallacht/ Ag Rialú Truaillithe agus (ii) Cosaint, Eolas agus Feasacht Timpeallachta.<br>o **Forfheidhmiú Saincheisteanna Pleanála agus Timpeallachta a chealú** agus a thabhairt do phleanáil agus don Timpeallacht.<br>o **Níos mó imeachtaí ón bpobal go dtí turasóireacht.**<br>• **Áiríodh seirbhís bhreise ar an Suirbhé IPSOS MRBI agus níor cuireadh í ar RedC:** Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | Liosta na seirbhísí a d'athraíodh |
| **Cuid: Bealaí Rannpháirteachais** | |
| Cé chomh minic, a chuaigh tú, má chuaigh in aon chor, i dteagmháil le d'údarás áitiúil féin, trí na bealaí seo a leanas:<br>• I bpearsa (le foireann an údaráis áitiúil)<br>• Ar an bhfón<br>• R-phost<br>• Litir/ comhfhreagras<br>• Idirghabhálaí (m.sh. Comhairleoir Contae/gníomhaire/duine den teaghlach)<br>• Freastal ar Chruinniú Poiblí (i bpearsa nó go fíorúil ar líne)<br>• Cuairt a thabhairt ar an Suíomh Gréasáin le haghaidh eolais<br>• Féachaint ar na meáin shóisialta (m.sh. leanúint, nótaí tráchta a dhéanamh nó 'is maith liom a thabhairt' ar nithe ar Facebook, Twitter, Instagram)<br><br>Scála<br>Le 6 mhí anuas<br>6-12 mhí<br>Níos mó ná 1-2 bhliain ó shin Níos mó ná 2-5 bliana ó shin 5 bliana +<br>Riamh | Bain bealach amháin ón liosta |
| Ó na nithe seo a leanas, más aon cheann acu, cá bhfaigheann tú an chuid is mó de d'eolas faoi d'údarás áitiúil?<br>• Nuachtán Áitiúil<br>• Clár Nuachta ar an Raidió Áitiúil<br>• Nuachtán Náisiúnta<br>• Clár Nuachta ar an Raidió Náisiúnta<br>• Póstaeir/Bileoga/scáileáin/cláir fhógraí i leabharlanna/foirgnimh eile de chuid an Údaráis Áitiúil<br>• Teilifís<br>• Cairde agus Comharsana<br>• Facebook<br>• Instagram<br>• Twitter<br>• LinkedIn<br>• Suíomh gréasáin<br>• Nuachtlitir údaráis áitiúil (nua)<br>• Teagmháil a dhéanamh le foireann an údaráis áitiúil<br>• Aipeanna bainteach le seirbhísí an Údaráis Áitiúil<br>• Comhairleoirí (nua)<br>• Ní úsáidim riamh iad<br>• Foinse Eile (Sonraigh__________________________________) | Cuir 3 chainéal nua leis an liosta |

## Aguisín 1 Athruithe Suirbhé 2022 (Ar lean)

| Na Ráitis Mheoin: Feabhsuithe maidir le Soláthar Seirbhíse | |
|---|---|
| Is mó fonn atá ar m'údarás áitiúil chun friotháil ar chustaiméirí le 3 bliana anuas | Athraigh 5 bliana go dtí 3 |
| Braithim gur éirigh an tseirbhís a sholáthair m'údarás áitiúil níos nuálaí le 3 bliana anuas | Athraigh 5 bliana go dtí 3 |
| Tá m'údarás áitiúil ag déanamh jab maith le seirbhísí digiteacha ar líne a sholáthar | Bain 'ag déanamh go leor' agus cuir 'ag déanamh jab maith' ina áit |

# Nótaí

LGMA
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government Management Agency

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

CCMA
Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association